**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 24 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**2022/0365(COD)**
**LEX 2329**

**PE-CONS 109/2/23**
**REV 2**

**MI 1172**
**ENV 1558**
**ENT 287**
**CODEC 2611**

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CINEÁLCHEADÚ MÓTARFHEITHICLÍ AGUS INNEALL AGUS CÓRAS, COMHPHÁIRTEANNA AGUS AONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH ATÁ CEAPTHA LE hAGHAIDH FEITHICLÍ DEN SÓRT SIN I nDÁIL LENA n-ASTAÍOCHTAÍ AGUS MARTHANACHT CEALLRAÍ (EURO 7), LENA LEASAÍTEAR RIALACHÁN (AE) 2018/858 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE AGUS LENA n-AISGHAIRTEAR RIALACHÁIN (CE) UIMH. 715/2007 AGUS (CE) UIMH. 595/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE, RIALACHÁN (AE) UIMH. 582/2011 ÓN gCOIMISIÚN, RIALACHÁN (AE) 2017/1151 ÓN gCOIMISIÚN, RIALACHÁN (AE) 2017/2400 ÓN gCOIMISIÚN AGUS RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1362 ÓN gCOIMISIÚN

**RIALACHÁN (AE) 2024/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Aibreán 2024**

**maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 IO C 228, 29.6.2023, lch. 103.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 12 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] maidir le Clár ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030, leagtar síos, mar cheann de shé chuspóir théamacha an Aontais don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2030, saothrú an truaillithe nialasaigh, lena n-áirítear i ndáil le ceimiceáin dhíobhálacha, chun timpeallacht atá saor ó thocsainí a bhaint amach, lena n-áirítear le haghaidh an aeir, an uisce agus na hithreach, agus i ndáil le truailliú solais agus torainn, agus sláinte agus dea-bhail daoine, ainmhithe agus éiceachóras a chosaint ar rioscaí agus tionchair dhiúltacha a bhaineann leis an gcomhshaol.

[3] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

(2) Is é an Comhaontú Glas don Eoraip, a glacadh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019, straitéis an Aontais chun aistriú a thionscnamh arb é is aidhm dó, faoi 2050 ar a dhéanaí, geilleagar atá aeráidneodrach, glan agus ciorclach a bhaint amach, bainistiú acmhainní a bharrfheabhsú agus truailliú a íoslaghdú agus, ag an am céanna, an gá atá le beartais atá fíorchlaochlaitheach a aithint. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Leis an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a ghlac an Coimisiún i mí na Nollag 2020 agus le *EU Action Plan*: '*Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil*' [Plean Gníomhaíochta an Aontais: I dtreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú] a ghlac an Coimisiún i mí na Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe truaillithe iompair den Chomhaontú Glas don Eoraip. I measc na mbeart eile atá ábhartha don tionscnamh sin tá, mar shampla, an togra le haghaidh athmhúnlú ar Threoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], an Straitéis nua Eorpach maidir le tionsclaíocht a thíolaic an Coimisiún i mí an Mhárta 2020, an t-athbhreithniú le Rialachán (AE) 2023/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ar chaighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ le haghaidh gluaisteán agus veaineanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus an togra le haghaidh athbhreithniú ar chaighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

---

4 Treoir 2008/50/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip (IO L 152, 11.6.2008, lch. 1).

5 Rialachán (AE) 2023/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 a láidriú do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua i gcomhréir le huaillmhian aeráide mhéadaithe an Aontais (IO L 110, 25.4.2023, lch. 5).

6 Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 443/2009 agus (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

7 Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202).

(3) Is limistéar é an margadh inmheánach ina bhfuil saorghluaiseacht earraí, daoine, seirbhísí agus caipitil le háirithiú. Chuige sin, tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] córas cuimsitheach um chineálcheadú agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin.

(4) Ba cheart do na ceanglais theicniúla le haghaidh chineálcheadú mótarfheithicil, inneall agus páirteanna athsholáthair maidir le hastaíochtaí ('cineálcheadú astaíochtaí') a bheith comhchuibhithe chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, chomh maith le hardleibhéal cosanta comhshaoil agus sláinte sna Ballstáit uile.

(5) Chun go mbeidh rath ar an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, is gá cur chuige comhtháite agus an timpeallacht cheart chumasúcháin chun an nuálaíocht a spreagadh agus chun go leanfaidh an tAontas de bheith ina cheannaire teicneolaíochta san earnáil iompair de bhóthar. Áirítear i dtimpeallacht den sórt sin infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sa taighde agus sa nuálaíocht, méadú ar sholáthar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus ísle, leathadh amach an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe, an comhtháthú leis na córais fuinnimh, mar aon le soláthar inbhuanaithe ábhar agus táirgeadh inbhuanaithe, athúsáid agus athchúrsáil ceallraí san Aontas. Chun timpeallacht den sórt sin a bhunú, tá gá le gníomhaíocht chomhleanúnach ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.

---

[8] Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

(6) Chun tacú leis an aistriú i dtreo na soghluaisteachta glaine agus san am céanna an tAontas a ationsclú agus tacú lena shaoránaigh, tá sé ríthábhachtach praghsanna feithiclí príobháideacha agus tráchtála a choinneáil ar leibhéil inacmhainne do dhaoine agus do ghnólachtaí. Leis sin, chuideofaí leis an gcáilíocht saoil, leis an iomaíochas tionsclaíoch agus an nuálaíocht a choinneáil, agus thacófaí le cruthú post agus le forbairt scileanna san earnáil.

(7) Ba cheart aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, arb aistriú é a bheidh inghlactha go sóisialta agus a bheidh cóir, a áirithiú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go gcuirfí san áireamh éifeachtaí sóisialta an aistrithe sin ar fud an tslabhra luacha ar fad sa tionscal mótarfheithiclí agus go dtabharfaí aghaidh go réamhghníomhach ar na himpleachtaí fostaíochta. Tá cláir spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, amhail pleananna um aistriú cóir a fhorbairt le haghaidh réigiúin atá spleách ar mhótarfheithiclí le bunú faoi chuimsiú an tSásra um Aistriú Cóir le haghaidh athsciliú, uas-sciliú agus ath-imlonnú oibrithe, chomh maith le tionscnaimh oideachais agus tionscnaimh cuardaithe poist i bpobail agus i réigiúin a ndéantar dochar dóibh, i ndlúth-idirphlé leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis inniúla. Mar chuid den aistriú sin, is gá fostaíocht na mban a neartú, chomh maith le comhionannas deiseanna san earnáil sin.

(8) Is gníomh rialála ar leithligh é an Rialachán seo chun críoch nós imeachta cineálcheadaithe an Aontais a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. Tá forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir le pionóis, chomh maith lena shásra stóinsithe forfheidhmithe comhlíontachta, infheidhme go hiomlán.

(9) D'fhéadfadh gearáin a bhfuil bunús leo arna gcur isteach ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bheith ina bhfoinse thábhachtach faisnéise d'údaráis um fhaireachas margaidh agus d'údaráis cheadaithe araon. Sa chomhthéacs sin, má bhunaítear próisis atá simplí agus comhréireach lena gceadaítear do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha gearáin a bhfuil bunús leo a chur faoi bhráid na n-údarás faoi seach i gcás ina bhfuil cúis acu lena chreidiúint nach gcomhlíontar an Rialachán seo, féadfaidh sé rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta a mheas gur toisc riosca na gearáin sin i gcinntí maidir le faireachas margaidh nó gníomhaíochtaí comhréireachta inseirbhíse.

(10) Leis an Rialachán seo, ba cheart forálacha agus ceanglais riaracháin choiteanna a leagan síos maidir le hastaíochtaí ó fheithiclí agus maidir le marthanacht ceallraí, ach ba cheart na heilimintí teicniúla a leagan síos i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin.

(11) Maidir leis na ceanglais theicniúla le haghaidh chineálcheadú mótarfheithiclí, inneall agus páirteanna athsholáthair maidir le hastaíochtaí, leagtar amach iad in dhá Rialachán a bhfuil feidhm acu maidir le cineálcheadú astaíochtaí i gcás feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair faoi seach, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

---

[9] Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).

[10] Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le mótarfheithiclí agus innill a chineál-cheadú i leith astaíochtaí ó fheithiclí saothair throm (Euro VI) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1269/CEE, Treoir 2005/55/CE agus Treoir 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1).

(12) Dá ndéanfaí na ceanglais a leagtar síos i Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 a chuimsiú i Rialachán aonair amháin, d'áiritheofaí comhleanúnachas inmheánach an chórais de chineálcheaduithe astaíochtaí i gcás feithiclí saothair éadroim agus feithiclí tromshaothair, agus ag an am céanna dhéanfaí teorainneacha astaíochtaí agus nósanna imeachta tástála éagsúla a cheadú i gcás feithiclí den sórt sin.

(13) Thairis sin, glacadh na teorainneacha astaíochtaí reatha le haghaidh feithiclí tromshaothair thiar in 2009 ar bhonn na teicneolaíochta a bhí ar fáil an tráth sin. Ó shin i leith, tá forbairt tagtha ar an teicneolaíocht agus tá an leibhéal astaíochtaí a fhaightear le meascán de theicneolaíochtaí reatha i bhfad níos ísle ná an leibhéal a fuarthas breis agus 15 bliana ó shin. Ba cheart an dul chun cinn teicneolaíochta a léiriú ar theorainneacha astaíochtaí bunaithe ar theicneolaíocht úrscothach agus eolas maidir le rialuithe truaillithe i gcás na dtruailleán ábhartha uile.

(14) San Aontas, tá líon na gcáithníní (PN) astaíochtaí sceite ó cháithníní soladacha ar mó iad ná 23 nanaiméadar ($PN_{23}$) á rialú ó 2011 i gcás feithiclí saothair éadroim agus ó 2013 i leith i gcás feithiclí tromshaothair. Ós rud é go gceadaítear leis na teicneolaíochtaí reatha agus le Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 15 ó na Náisiúin Aontaithe líon na gcáithníní astaithe a thomhas síos go 10 nanaiméadar ($PN_{10}$), is iomchuí na teorainneacha cáithníní a chur i bhfeidhm maidir le $PN_{10}$ i gcás gach feithicle a chumhdaítear leis an Rialachán seo. Trí theorainneacha sonracha a leagan síos le haghaidh astaíochtaí $PN_{10}$ den chéad uair, tabharfar ugach i dtreo comhchuibhiú domhanda a dhéanamh ar rialú agus tomhas feabhsaithe ar astaíochtaí PN agus ba cheart don Aontas Fóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (UN WP.29) a spreagadh chun rialacháin ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir le feithiclí a ailíniú dá réir.

(15) D'fhéadfaí simpliú a bhaint amach trí dheireadh a chur le tástálacha nach bhfuil gá leo, trí thagairt a dhéanamh do chaighdeáin faoi Rialacháin de chuid na Náisiún Aontaithe atá ann cheana i gcás inarb infheidhme, agus trí thacar comhsheasmhach nósanna imeachta agus tástálacha le haghaidh chéimeanna éagsúla an chineálcheadaithe astaíochtaí a áirithiú.

(16) Chun a áirithiú go mbíonn teorainn le hastaíochtaí i gcás feithiclí saothair éadroim, agus feithiclí tromshaothair sa saol réadúil, is gá feithiclí a thástáil i bhfíordhálaí tiomána, atá ábhartha ó thaobh staidrimh de, le tacar íosta srianta, teorainneacha agus riachtanais tiomána eile. Ba cheart tástáil ar an mbóthar den sórt sin a bheith bunaithe ar ghnáththiomáint agus ba cheart an tiomáint chlaonta a eisiamh.

(17) Éilítear le Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 go n-urramaíonn feithiclí na teorainneacha astaíochtaí go ceann tréimhse shonraithe, rud nach dtagann le meán-saolré feithiclí. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais mharthanachta a léiríonn meán-saolré ionchasach feithiclí san Aontas a leagan síos.

(18) Moltar do na Ballstáit straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun athnuachan flít a dhreasú, agus é mar aidhm leis sin aistriú comhleanúnach an fhlít i dtreo feithiclí a bhfuil astaíochtaí laghdaithe acu a éascú, rud a chuirfidh le héiceachóras iompair níos glaine agus níos inbhuanaithe.

(19) Tá fáil anois ar theicneolaíochtaí a úsáidtear go forleathan ar fud an domhain lena gcuirtear teorainn le hastaíochtaí galaithe de chomhdhúile so-ghalaithe orgánacha nuair a úsáidtear agus nuair a pháircéailtear feithicil le breosla peitril. Is iomchuí, dá bhrí sin, na teorainneacha astaíochta do na comhdhúile so-ghalaithe orgánacha sin a shocrú ar leibhéal níos ísle.

(20) Is é cáithníní a astaíonn boinn agus coscáin feithiclí atá in astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad. Meastar gurb iad astaíochtaí ó bhoinn an fhoinse is mó micreaphlaisteach a scaoiltear isteach sa chomhshaol. Mar a thaispeántar sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo, meastar gur astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad 90 % de na cáithníní uile arna n-astú le hiompar ar bhóthar faoi 2050 toisc go dtiocfaidh laghdú ar cháithníní sceite de bharr leictriú feithiclí. Ba cheart na hastaíochtaí sin nach astaíochtaí sceite iad a thomhas agus a theorannú dá bhrí sin. Ba cheart don Choimisiún obair UN WP.29 a spreagadh chun a chuspóirí a bhaint amach go tráthúil, lena léirítear ardleibhéal uaillmhéine bunaithe ar fhorais láidre eolaíocha agus theicniúla, agus chun teorainneacha scríobtha a shainiú ar bhonn modhanna úrscothacha. I gcás nach mbeidh forálacha aonfhoirmeacha maidir le teorainneacha scríobtha bonn glactha ag UN WP.29 faoin 1 Iúil 2026 maidir le boinn d’aicme $C_1$, an 1 Aibreán 2028 maidir le boinn d’aicme $C_2$ nó an 1 Aibreán 2030 maidir le boinn d’aicme $C_3$, ba cheart don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh arb é is aidhm dó cuspóir an Aontais a bhaint amach i ndáil le micreaphlaistigh a scaoiltear isteach sa chomhshaol a laghdú 30 % faoi 2030 agus bunaithe ar theorainneacha scríobtha úrscothacha. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar shaintréithe feithiclí ina bhfuil ceallraí tarraingthe, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe agus feithiclí ceallra-leictreacha le linn ullmhú an ghnímh tharmligthe sin.

(21) Rialaítear le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] giartháscairí, arb é is príomhchuspóir dóibh tomhaltas breosla feithicle a íoslaghdú nuair a leanann tiománaí a tháscairí. Ba cheart, áfach, aghaidh a thabhairt sa Rialachán seo ar na riachtanais a bhaineann le hastaíochtaí truailleán sa saol réadúil, lena n-áirítear i gcás ina leantar an giartháscaire.

(22) Cuireann feithiclí ina bhfuil ceallraí tarraingthe, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha inluchtaithe agus feithiclí ceallra-leictreacha, le dícharbónú na hearnála iompar ar bhóthar. Chun muinín na dtomhaltóirí maidir leis na feithiclí sin a fháil agus a mhéadú, ba cheart dóibh feidhmiú go maith agus a bheith marthanach. Tá sé tábhachtach go n-éileofaí, dá bhrí sin, go gcoinneodh ceallraí tarraingthe cuid mhaith dá dtoilleadh bunaidh tar éis blianta fada úsáide. Bheadh tábhacht ar leith ag baint leis an gceanglas sin do cheannaitheoirí feithiclí leictreacha athláimhe ós rud é go n-áiritheofaí leis go bhfeidhmeodh an fheithicil ar bhealach a bhfuil coinne leis. Ba cheart, dá bhrí sin, staid sláinte ceallraí tarraingthe gléasanna faireacháin maidir le riocht na gceallraí a éileamh i gcás na bhfeithiclí uile a úsáideann ceallraí tarraingthe. Ina theannta sin, ba cheart íoscheanglais feidhmíochta le haghaidh mharthanacht ceallraí gluaisteáin phaisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a thabhairt isteach, agus Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 22 ó na Náisiúin Aontaithe á chur san áireamh.

---

[11] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

(23) Baineann córais faireacháin ar bord (OBM) agus feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar thomhaltas breosla agus/nó fuinnimh (OBFCM) úsáid as sonraí arna nginiúint ag an bhfeithicil chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo. I gcás inarb iomchuí, tá na sonraí sin le bheith faoi réir Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12].

(24) Is fadhb aitheanta í crioscaíl feithiclí chun páirteanna na gcóras rialaithe truaillithe a bhaint nó a dhíghníomhachtú. Tagann astaíochtaí neamhrialaithe as na cleachtais sin agus, dá bhrí sin, ba cheart pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm. Nuair a dhéantar crioscaíl i ndáil leis an odaiméadar, faightear míleáiste bréagach agus cuirtear isteach ar rialú cuí inseirbhíse feithicle. Tá sé fíorthábhachtach, dá bhrí sin, an chosaint slándála is airde is féidir maidir leis na córais sin a ráthú, lena n-áirítear deimhnithe slándála agus cosaint chrioscaíl iomchuí chun a áirithiú nach féidir crioscaíl a dhéanamh i ndáil leis an gcóras rialaithe truaillithe ná le hodaiméadar na feithicle.

(25) Chun nach gcuirfidh bearta frithchrioscaíola bac míchuí ar iomaíocht, leis an Rialachán seo ba cheart an fhéidearthacht a choinneáil go gceadaítear d’oibreoirí neamhspleácha páirteanna athsholáthair iarmhargaidh a fhorbairt, a dháileadh, a shuiteáil agus a ghníomhachtú. Dá bhrí sin, níor cheart do mhonaróirí rochtain a dhiúltú d’oibreoirí neamhspleácha ar an bhfaisnéis, ar na huirlisí agus ar na próisis a bhfuil géarghá leo chun na páirteanna athsholáthair sin a fhorbairt agus a shuiteáil. Ba cheart formheas agus údarú oibreoirí neamhspleácha chun rochtain a fháil ar ghnéithe slándála feithicle a dheonú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/858.

---

12 Rialachán (AE) 2023/2854 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L, 2023/2854, 22.12.2023 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2854/oj).

(26) Is gá iarracht leanúnach a dhéanamh astaíochtaí ó fheithiclí a laghdú le cuspóirí an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach. Ba cheart toirmeasc a chur ar úsáid feistí cúblála chomh maith le straitéisí cúblála faoin Rialachán seo. Tá an toirmeasc sin riachtanach chun na cuspóirí sin a choimirciú. Agus measúnú á dhéanamh ar chásanna a bhféadfadh úsáid feistí cúblála nó straitéisí cúblála a bheith i gceist leo, ba cheart measúnú leathan agus léiriú leathan a dhéanamh ar na cásanna sin, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le feistí sáraithe i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 715/2007. Aon fheistí nó aon straitéisí a laghdaíonn éifeachtacht teorainneacha astaíochtaí sceite agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad agus ceanglais maidir le dálaí tástála faoin Rialachán seo, agus a fhágann gur cosúil go bhfuil feithicil neamh-chomhlíontach comhlíontach nó a fhalsaíonn torthaí tástála, ba cheart iad a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an ann d'fheistí cúblála nó straitéisí cúblála. Ba cheart dearadh, tógáil agus cóimeáil feithiclí leis na feistí cúblála nó na straitéisí cúblála sin a bheith faoi réir pionós.

(27) Úsáidtear cheana braiteoirí a fheistítear ar fheithiclí chun aimhrialtachtaí maidir le hastaíochtaí a bhrath agus deisiúcháin lena mbaineann a spreagadh leis an gcóras diagnóisice ar bord (OBD). Maidir leis an gcóras OBD atá in úsáid faoi láthair, áfach, ní bhraitheann sé go cruinn ná go pras na mífheidhmeanna agus ní spreagtar leis deisiúcháin go leordhóthanach ná in am. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbíonn astaíochtaí truailleán i bhfad níos airde ag feithiclí ná mar a cheadaítear. Is féidir na braiteoirí arna n-úsáid go dtí seo le haghaidh OBD a úsáid chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar fheidhmíocht astaíochtaí sceite na bhfeithiclí ar bhonn leanúnach trí chóras OBM. Tabharfaidh córas OBM rabhadh don úsáideoir freisin deisiúcháin a dhéanamh ar an inneall nó ar na córais rialaithe truaillithe nuair is gá na deisiúcháin sin a dhéanamh. Is iomchuí, dá bhrí sin, a éileamh go bhfeistítear córas mar sin agus go rialaítear a gceanglais theicniúla. Níor cheart go gcuirfí sábháilteacht ar bhóithre i mbaol mar thoradh ar na bearta atá intuigthe ó na córais sin.

(28) Tá sé de rogha ag monaróirí feithiclí a tháirgeadh lena n-áirítear ardroghanna amhail geofhálú. Rogha eile atá ar fáil do mhonaróirí is ea feithiclí 'Euro 7ext' a tháirgeadh ar feithiclí de chatagóir $N_2$ iad idir uasmhais 3,5 agus 5 thonna de thionscnamh cineál feithicle de chatagóir $N_1$, ar féidir cineálcheadú astaíochtaí $N_2$ a dheonú ina leith arna iarraidh sin don mhonaróir má chomhlíonann an fheithicil na ceanglais le haghaidh cineál feithicle de chatagóir $N_1$. Ba cheart do thomhaltóirí agus d'údaráis náisiúnta a bheith in ann na feithiclí sin a shainaithint le doiciméadacht iomchuí.

(29) Ba cheart sonraí comhshaoil faoi chineálacha feithiclí a chur ar fáil d'úsáideoirí feithiclí. Ba cheart, dá bhrí sin, pas comhshaoil feithicle (EVP) a chur ar fáil do gach feithicil. Ba cheart rochtain a bheith ag úsáideoirí feithiclí freisin ar fhaisnéis atá cothrom le dáta maidir le tomhaltas breosla, staid sláinte ceallraí tarraingthe, astaíochtaí truailleán agus faisnéis ábhartha eile arna giniúint ag córais agus monatóirí ar bord.

(30) I gcás ina gcuireann an Coimisiún togra chun cinn maidir le feithiclí saothair éadroim nua a ritheann go heisiach ar bhreoslaí atá neodrach ó thaobh $CO_2$ de lasmuigh de raon feidhme na gcaighdeán maidir le flít $CO_2$ a chlárú tar éis 2035, agus i gcomhréir le dlí an Aontais agus cuspóir an Aontais um aeráidneodracht, beidh gá le leasú ar an Rialachán seo le gur féidir cineálcheadú d'fheithiclí mar sin a áireamh.

(31) Is cuid neamhshuntasach d'astaíochtaí an Aontais iad na hastaíochtaí ó fheithiclí a dhíolann monaróirí ísealtáirgeachta. Ba cheart roinnt solúbthachta a cheadú dá bhrí sin i ndáil le roinnt de na ceanglais ar na monaróirí sin. Ba cheart do mhonaróirí ísealtáirgeachta a bheith in ann tástálacha eile a úsáid in ionad tástálacha áirithe le linn cineálcheadú le dearbhuithe comhlíontachta, agus ba cheart cead a bheith ag monaróirí ultrai-ísealtáirgeachta tástálacha saotharlainne a úsáid bunaithe ar thimthriallta fíorthiomána randamacha.

(32) Rialaítear le Rialacháin (AE) 2019/631 agus (AE) 2019/1242 an mheánfheidhmíocht astaíochtaí $CO_2$ flít i gcás mótarfheithiclí nua san Aontas. Ba cheart na nósanna imeachta agus na modheolaíochtaí chun astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon leictreach agus cumhacht d'fheithiclí aonair a chinneadh go cruinn a thabhairt isteach le cineálcheadú astaíochtaí, lena n-áirítear uirlis ríofa tomhaltais fuinnimh feithicle (VECTO) a thabhairt cothrom le dáta agus a fhorbairt chun éifeachtúlacht fuinnimh ó chónaisc d'fheithiclí níos troime a chur san áireamh níos fearr, i measc gnéithe eile.

(33) Cé go gcuirtear an téarma 'staid sláinte' (SOH) i bhfeidhm go coitianta chun tagairt a dhéanamh do shláinte ceallra tarraingthe ag pointe ar leith ina shaol, ní dhéantar an téarma sin a shainmhíniú go coitianta agus déantar é a chinneadh trí mhodheolaíochtaí éagsúla, amhail 'Staid an Fhuinnimh Dheimhnithe' agus 'Staid an Raoin Dheimhnithe'. Is ionann an dá mhéadracht agus céatadán d'fhuinneamh deimhnithe an cheallra nó den raon leictreach atá fágtha ag pointe áirithe ama.

(34) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis an méid seo a leanas:

– oibleagáidí monaróirí mar chuid de chineálcheadú agus de nósanna imeachta, tástáil agus modheolaíochtaí atá le cur i bhfeidhm le haghaidh dearbhú comhlíontachta, seiceáil ar chomhréireacht táirgeachta, seiceáil comhréireachta inseirbhíse, faireachas margaidh agus EVP;

– ceanglais, tástálacha, modhanna agus bearta ceartaitheacha a bhaineann le marthanacht na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh, chomh maith le cumais chlárúcháin agus chumarsáide córas OBM, lena n-áirítear chun críoch cigireachtaí teicniúla tráthrialta agus seiceálacha maidir le ródacmhainneacht;

– modhanna agus tástálacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) astaíochtaí sceite a thomhas sa tsaotharlann agus ar an mbóthar agus úsáid córas iniompartha chun astaíochtaí a thomhas chun fíorastaíochtaí tiomána a fhíorú; (ii) astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus cumhacht innill mótarfheithicle a chinneadh; (iii) éifeachtúlacht fuinnimh leantóirí de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$, a chinneadh; (iv) astaíochtaí ó chás an chromáin, astaíochtaí galaithe agus astaíochtaí ó choscáin a thomhas; (v) meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht íoscheanglas feidhmíochta maidir le marthanacht ceallraí; (vi) measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht inseirbhíse inneall agus feithiclí; (vii) measúnú a dhéanamh ar comhlíontacht tairseach agus ceanglas feidhmíochta; (viii) measúnú a dhéanamh ar oibriú, éifeachtacht, athghiniúint agus marthanacht na gcóras rialaithe truaillithe bunaidh agus athsholáthair; (viii) bearta a bhaineann le feistí cúblála agus straitéisí cúblála a áirithiú agus a mheasúnú, lena n-áirítear anailís leochaileachta agus cosaint frithchrioscaíola; (ix) measúnú dhéanamh ar fheidhmiú na gcineálacha feithiclí arna bhformheas faoi roinnt ainmníochtaí sonracha; (x) meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le cineálcheaduithe astaíochtaí le haghaidh monaróirí ísealtáirgeachta agus ultrai-ísealtáirgeachta; (xi) a shuí nach ann d'fheistí cúblála agus do straitéisí cúblála; agus (xii) scríobadh bonn a thomhas;

– modhanna, ceanglais agus tástálacha, lena n-áirítear tairseacha comhlíontachta, chun feidhmíocht feistí OBFCM agus córas OBD agus OBM agus braiteoirí feistí den sórt sin a áirithiú agus córais, chomh maith le sonraí arna dtaifeadadh ag feistí agus córais den sórt sin a chur in iúl go seachtrach;

– modhanna, ceanglais agus sonraíochtaí le haghaidh giarthascairí;

– saintréithe agus feidhmíocht córais rabhaidh don tiománaí agus modhanna spreagtha agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú;

– ceanglais feidhmíochta maidir le trealamh tástála;

– sonraíocht breoslaí tagartha;

– formáid EVP, sonraí agus an modh cumarsáide maidir le sonraí EVP;

– ceanglais agus faisnéis atá le soláthar ag monaróirí feithiclí, lena n-áirítear feithiclí ilchéimneacha; agus

– gnéithe teicniúla, ceanglais riaracháin agus doiciméadachta le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí, agus seiceálacha ar fhaireachas margaidh, seiceálacha ar chomhréireacht inseirbhíse agus ar chomhréireacht táirgeachta, chomh maith le hoibleagáidí tuairiscithe.

(35) Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13]. Chun leanúnachas a áirithiú a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí dlíthiúla áirithe atá ann cheana maidir le modhanna chun astaíochtaí truailleán a thomhas ó chineálacha feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$, ba cheart go léireofaí leis na modhanna chun astaíochtaí sceite agus galaithe a thomhas na cinn a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1151, de réir mar ab infheidhme tráth a glacadh an gníomh cur chun feidhme.

[13] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú na mBallstát ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme arna dhéanamh ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(36) Chun eiliminti neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú nó a fhorlíonadh, de réir mar is iomchuí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le dálaí tástála bunaithe ar shonraí arna mbailiú le linn tástáil ar fheithiclí, coscáin nó boinn Euro 7; ceanglais tástála, agus dul chun cinn teicniúil agus sonraí a bhailítear le linn tástáil ar fheithiclí Euro 7 á gcur san áireamh go háirithe; roghanna agus ainmniúcháin feithiclí breise a thabhairt isteach bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha do mhonaróirí; teorainneacha astaíochtaí cáithníní coscáin a leagan amach, teorainneacha astaíochtaí formaildéid le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, agus $N_3$, coinníollacha tástála le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, agus $N_3$ agus, faoi choinníollacha áirithe, teorainneacha scríobtha le haghaidh cineálacha bonn chomh maith le híoscheanglais feidhmíochta ceallraí agus iolraitheoirí marthanachta bunaithe ar shonraí a bhailítear le linn tástáil ar fheithiclí Euro 7; rialacha speisialta a leagan amach do mhonaróirí ísealtáirgeachta i gcomhair chatagóirí feithiclí $M_2$, $M_3$, $N_2$, agus $N_3$; agus feidhm ceanglas tástála agus dearbhuithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[14]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[14] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

(37) Is Páirtí Conarthach é an tAontas i gComhaontú an 20 Márta 1958 a bhaineann le saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh i gcomhair feithiclí rothacha, trealamh agus páirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus maidir leis na coinníollacha le haghaidh aitheantas frithpháirteach i gcás ceaduithe a dheonaítear ar bhonn na saintreoracha sin[15]. Ba cheart na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a ailíniú, i gcás inarb iomchuí, leis na caighdeáin a leagtar amach sna Rialacháin ó na Náisiúin Aontaithe nó le haon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na Rialacháin sin ó na Náisiúin Aontaithe, i gcás ina mbeidh fáil orthu, go háirithe i ndáil le teorainneacha ar astaíochtaí cáithníní coscáin, teorainneacha scríobtha le haghaidh cineálacha bonn agus bunú íoscheanglais feidhmíochta le haghaidh ceallraí.

(38) Dá bhrí sin, i gcás inar formheasadh na teorainneacha nó na ceanglais sin i dtogra le haghaidh Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe nó le haghaidh leasú ar Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle[16], ba cheart na teorainneacha nó na ceanglais sin a ionchorprú sa Rialachán seo. Dá réir sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha chuige sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE.

---

15 IO L 346, 17.12.1997, lch. 81.

16 Cinneadh 97/836/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1997 d'fhonn go n-aontóidh an Comhphobal Eorpach do Chomhaontú Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le glacadh saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha d'fheithiclí rothacha, do threalamh agus do pháirteanna is féidir a fheistiú agus/nó a úsáid ar fheithiclí rothacha agus ar na coinníollacha maidir le ceadanna arna ndeonú ar bhonn na saintreoracha sin a aithint go frithpháirteach ('Comhaontú Athbhreithnithe 1958') (IO L 346, 17.12.1997, lch. 78).

(39) Ar mhaithe le soiléireacht, le réasúnaíocht agus le simpliú, ós rud é go ndéantar na rialacha maidir le cineálcheadú astaíochtaí mótarfheithicil agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin a thabhairt cothrom le dáta agus a chomhdhlúthú sa Rialachán seo, ba cheart Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (CE) Uimh. 715/2007 a aisghairm, agus ba cheart an Rialachán seo a chur ina n-ionad.

(40) Ar mhaithe le soiléireacht, réasúntacht agus simpliú, ba cheart na gníomhartha seo a leanas arna nglacadh faoi Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 a aisghairm leis an Rialachán seo: Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún[17], Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún[18], agus Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún[19] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[20].

---

17 Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear i bhfeidhm agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 167, 25.6.2011, lch. 1).

18 Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1).

19 Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2017 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cinneadh a dhéanamh ar astaíochtaí CO2 agus ar thomhaltas breosla feithiclí tromshaothair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún (IO L 349, 29.12.2017, lch. 1).

20 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmíocht leantóirí tromshaothair maidir leis an tionchar atá acu ar astaíochtaí CO2, ídiú breosla, ídiú fuinnimh agus raon tiomána astaíochtaí nialasacha mótarfheithiclí agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (IO L 205, 5.8.2022, lch. 145).

(41) Nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil mar thoradh ar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart an phróiseáil sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679[21] agus (AE) 2018/1725[22] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chomh maith leis an dlí náisiúnta ábhartha i gcomhréir leis na Rialacháin sin.

(42) Tá sé tábhachtach go leor ama a thabhairt do Bhallstáit, údaráis náisiúnta agus oibreoirí eacnamaíocha ullmhú i gcomhair fheidhmiú na rialacha nua a thabharfar isteach leis an Rialachán seo agus na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe arna nglacadh faoi. Ba cheart, dá bhrí sin, an dáta cur i bhfeidhm a chur siar, agus dátaí éagsúla cur i bhfeidhm a bhunú le haghaidh cineálacha nua agus cineálacha atá ann cheana. Cé gur cheart an dáta cur i bhfeidhm i gcás feithiclí saothair éadroim a bheith ann a luaithe is féidir go teicniúil agus go heacnamaíoch, i gcás feithiclí agus leantóirí tromshaothair, is féidir moill a chur ar an dáta cur i bhfeidhm toisc go mbeidh níos mó ama i gceist leis an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha i gcás feithiclí tromshaothair.

---

[21] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[22] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(43) Maidir le feithiclí de chatagóirí $M_2$ agus $M_3$, a mbunaítear sprioc 100 % maidir le hastaíochtaí nialasacha ina leith ó thréimhse thuairiscithe na bliana 2030 i Rialachán (AE) 2019/1242, ba cheart bearta idirthréimhseacha a bhunú sa Rialachán seo, chun comhleanúnachas a áirithiú leis na hoibleagáidí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1242, agus chun go leanfaidh na hiarrachtaí infheistíochta is gá de bheith comhréireach.

(44) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon ceanglais theicniúla choiteanna agus forálacha riaracháin coiteanna a leagan síos maidir le cineálcheadú astaíochtaí agus faireachas margaidh feithiclí de chatagóirí M agus N, agus maidir le cineálcheadú agus faireachas margaidh córas, comhpháirteanna, agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt, i ndáil lena n-astaíochtaí, chomh maith le leibhéal ard cosanta comhshaoil agus sláinte a shaothrú, a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais,, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil I
# Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais theicniúla choiteanna agus forálacha riaracháin coiteanna le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí mótarfheithiclí agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, i ndáil lena n-astaíochtaí $CO_2$ agus a n-astaíochtaí truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh agus marthanacht ceallraí.

2. Chomh maith leis sin, leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta agus comhréireacht inseirbhíse córas faireacháin ar bord agus faireachas margaidh ar chórais faireacháin ar bord, marthanacht córas rialaithe truaillithe agus ceallraí tarraingthe, chomh maith le forálacha slándála chun crioscaíl a theorannú agus bearta cibearshlándála, agus rialacha maidir le hastaíochtaí $CO_2$, an raon leictreach, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh agus éifeachtúlachta fuinnimh a chinneadh go cruinn.

*Airteagal 2*

*Raon feidhme*

Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le mótarfheithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$, chomh maith le leantóirí de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$ mar a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear iad siúd a dearadh nó a tógadh i gcéim amháin nó níos mó, agus tá feidhm ag an Rialachán maidir le córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus boinn d'aicme $C_1$, $C_2$ agus $C_3$ mar a shonraítear i Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe[23], seachas boinn oighearghreama.

*Airteagal 3*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe ábhartha i Rialachán (AE) 2018/858.

Ina theannta sin, chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'cineálcheadú astaíochtaí' cineálcheadú ón Aontas a chomhlíonann forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus le hastaíochtaí truailleán, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh agus marthanacht ceallraí;

(2) ciallaíonn 'údarás cineálcheadaithe deonúcháin' an t-údarás ceadaithe a dheonaíonn an cineálcheadú astaíochtaí;

---

[23] Rialachán Uimh. 117 de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le boinn a cheadú i dtaca le hastaíochtaí fuaime ó rolladh bonn agus le greamaitheacht ar dhromchlaí fliucha agus/nó friotaíocht rollach.

(3) ciallaíonn ‘comhréireacht táirgeachta’ nó ‘CoP’ na gníomhaíochtaí a dhéantar ar fheithiclí nua, ar aonaid theicniúla ar leithligh nó ar chomhpháirteanna a roghnaítear ag áitreabh monaróra chun a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a chuirtear ar an margadh na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo;

(4) ciallaíonn ‘comhréireacht inseirbhíse’ nó ‘ISC’ na gníomhaíochtaí a dhéantar ar fheithiclí atá i gcúrsaíocht, ar chórais, ar aonaid theicniúla ar leithligh nó ar chomhpháirteanna chun críche comhlíonadh na gceanglas marthanachta a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú;

(5) ciallaíonn ‘inneall’ inneall dócháin inmheánaigh na feithicle;

(6) ciallaíonn ‘astaíochtaí’ astaíochtaí sceite agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad ó mhótarfheithicil;

(7) ciallaíonn ‘astaíochtaí sceite’ an astaíocht ó sceithphíopa na mótarfheithicle nó an innill de na nithe a leanas: $CO_2$, comhdhúile gásacha, soladacha, leachtacha agus astaíochtaí ó chás an chromáin;

(8) ciallaíonn ‘truailleáin ghásacha’ astaíochtaí ó speicis cheimiceacha ghásacha, seachas $CO_2$;

(9) ciallaíonn ‘$CO_2$’ an dé-ocsaíd charbóin a astaítear ón sceithphíopa;

(10) ciallaíonn ‘ocsaídí nítrigine’ nó ‘$NO_x$’ suim na n-ocsaídí nítrigine (NO) agus na dé-ocsaíde nítrigine ($NO_2$) a astaítear ón sceithphíopa;

(11) ciallaíonn ‘ocsaíd nítriúil’ nó ‘$N_2O$’ ocsaíd nítriúil a astaítear ón sceithphíopa;

(12) ciallaíonn ‘ábhar cáithníneach’ nó ‘PM’ aon ábhar a astaítear ón sceithphíopa nó ó na coscáin agus a bhailítear ar mheáin scagaire;

(13) ciallaíonn ‘ábhar cáithníneach atá níos lú ná 10 µm’ nó ‘$PM_{10}$’ ábhar cáithníneach ag a bhfuil trastomhas atá níos lú ná 10 µm;

(14) ciallaíonn ‘líon na gcáithníní’ nó ‘PN’ líon iomlán na gcáithníní soladacha a astaítear ón sceithphíopa nó ó na coscáin;

(15) ciallaíonn ‘$PN_{10}$’ an líon iomlán cáithníní soladacha ag a bhfuil trastomhas atá níos mó ná 10 nm, nó atá cothrom leis sin, a astaítear ón sceithphíopa nó ó na coscáin;

(16) ciallaíonn ‘aonocsaíd charbóin’ nó ‘CO’ an aonocsaíd charbóin a astaítear ón sceithphíopa;

(17) ciallaíonn ‘meatán’ nó ‘$CH_4$’ an meatán a astaítear ón sceithphíopa;

(18) ciallaíonn ‘hidreacarbóin iomlána’ nó ‘THC’ na hidreacarbóin iomlána a astaítear ón sceithphíopa;

(19) ciallaíonn ‘hidreacarbóin neamh-mheatáin’ nó ‘NMHC’ na hidreacarbóin iomlána, seachas meatán, a astaítear ón sceithphíopa;

(20) ciallaíonn ‘gáis orgánacha neamh-mheatáin’ nó ‘NMOG’ suim na hidreacarbón neamh-ocsaiginithe agus ocsaiginithe, seachas meatán, a astaítear ón sceithphíopa;

(21) ciallaíonn ‘amóinia’ nó ‘$NH_3$’ an amóinia a astaítear ón sceithphíopa;

(22) ciallaíonn ‘formaildéad’ nó ‘HCHO’ an formaildéad a astaítear ón sceithphíopa;

(23) ciallaíonn ‘WHTC’ an timthriall tástála díomuan comhchuibhithe domhanda i gcomhréir le mír 7.2.1. d’Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe[24];

(24) ciallaíonn ‘WHSC’ an timthriall tiomána foistine comhchuibhithe domhanda i gcomhréir le mír 7.2.2. d’Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 49 ó na Náisiúin Aontaithe;

(25) ciallaíonn ‘tomhaltas fuinnimh leictrigh’ an ráta ag a n-úsáideann feithicil fuinneamh leictreach óna ceallra tarraingthe nó óna ceallraí tarraingthe faoi choinníollacha sonraithe úsáide;

(26) ciallaíonn ‘tomhaltas breosla’ an ráta ag a n-úsáideann feithicil breosla faoi choinníollacha sonraithe úsáide;

(27) ciallaíonn ‘uirlis ríomha tomhaltais fuinnimh feithicle’ nó ‘VECTO’ uirlis ionsamhlúcháin a úsáidtear chun astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla, tomhaltas fuinnimh leictrigh agus an raon leictreach ó fheithiclí tromshaothair a chinneadh;

(28) ciallaíonn ‘astaíochtaí galaithe’ an ghal hidreacarbóin a astaítear as córas breosla feithicle seachas an ghal a thagann ó astaíochtaí sceite;

(29) ciallaíonn ‘astaíochtaí ó chás an chromáin’ na truailleáin ghásacha ó na spásanna san inneall, nó na spásanna seachtracha den inneall, atá i gceangal le humar na hola trí dhuchtanna inmheánacha nó seachtracha;

(30) ciallaíonn ‘astaíochtaí cáithníní ó choscáin’ na cáithníní a astaítear as córas coscáin feithicle;

---

[24] Rialachán Uimh. 49 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir leis na bearta atá le déanamh in aghaidh astaíocht na dtruailleán gásach agus cáithníneach ó innill dócháin inmheánaigh agus innill adhainte deimhní atá le húsáid i bhfeithiclí.

(31) ciallaíonn ‘scríobadh bonn’ mais an ábhair a chailltear ón mbonn de bharr an phróisis scríobtha agus a astaítear isteach sa timpeallacht;

(32) ciallaíonn ‘astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad’ astaíochtaí galaithe, scríobadh bonn, agus astaíochtaí ó choscáin;

(33) ciallaíonn ‘astaíochtaí truailleán’ astaíochtaí sceite agus astaíochtaí nach astaíochtaí sceite iad seachas astaíochtaí $CO_2$;

(34) ciallaíonn ‘feiste rialaithe truaillithe’ feiste feithicle lena rialaítear nó lena dteorannaítear astaíochtaí truailleán;

(35) ciallaíonn ‘córais rialaithe truaillithe’ na feistí rialaithe truaillithe sin a fheistítear i bhfeithicil, lena n-áirítear na haonaid rialaithe agus bogearraí uile lena rialaítear a n-úsáid;

(36) ciallaíonn ‘córais bhunaidh rialaithe truaillithe’ córas rialaithe truaillithe nó cóimeáil na gcóras sin a chumhdaítear leis an gcineálcheadú arna dheonú i leith na feithicle lena mbaineann;

(37) ciallaíonn ‘córais athsholáthair rialaithe truaillithe’ córas rialaithe truaillithe nó cóimeáil na gcóras sin atá ceaptha lena chur in ionad córais bhunaidh rialaithe truaillithe agus ar córas é is féidir a cheadú mar aonad teicniúil ar leithligh;

(38) ciallaíonn ‘córas diagnóisice ar bord’ nó ‘córas OBD’ córas ar bord feithicle lenar féidir faisnéis diagnóisice ar bord feithicle (OBD) a ghiniúint, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 49, de Rialachán (AE) 2018/858 agus atá in ann an fhaisnéis sin a chur in iúl go seachtrach;

(39) ciallaíonn ‘córas faireacháin ar bord’ nó ‘córas OBM’ córas ar bord feithicle atá in ann faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí sceite, sáruithe astaíochtaí sceite a bhrath agus an fhaisnéis sin, chomh maith le faisnéis maidir le riocht a chur in iúl go seachtrach;

(40) ciallaíonn ‘feiste ar bord lena ndéantar faireachán ar thomhaltas breosla agus/nó fuinnimh leictrigh’ nó ‘feiste OBFCM’ aon bhogearra nó aon chrua-earra ar bord feithicle lena mbraitear agus lena-úsáidtear fuinneamh feithicle, innill, breosla nó leictreach agus paraiméadair pálasta/maise chun na sonraí maidir le tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh agus paraiméadair eile atá ábhartha i ndáil le tomhaltas breosla nó tomhaltas fuinnimh leictrigh agus éifeachtúlacht fuinnimh na feithicle a chinneadh agus a stóráil san fheithicil;

(41) ciallaíonn ‘feiste cúblála’ aon eilimint den dearadh a fhágann nach gcomhlíonann feithicil ceanglais an Rialacháin seo agus í á tiomáint ach nach bhfuil faoi thástáil rialála, cé go mbíonn an chuma air go mbíonn an fheithicil comhlíontach nuair a dhéantar tástáil uirthi, nó go ndéanann sí ionramháil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, tomhaltas breosla nó tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí;

(42) ciallaíonn ‘straitéis chúblála’ straitéis a fhágann nach gcomhlíonann feithicil ceanglais an Rialacháin seo agus í á tiomáint ach nach bhfuil faoi thástáil rialála, cé go mbíonn an chuma air go bhfuil an fheithicil comhlíontach nuair a dhéantar tástáil uirthi, nó go ndéanann sí ionramháil ar shonraí a bhaineann le braiteoirí, tomhaltas breosla nó tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon leictreach nó marthanacht ceallraí;

(43) ciallaíonn ‘astaíochtaí fíorthiomána’ nó ‘RDE’ astaíochtaí feithicle faoi na dálaí a shonraítear i dTáblaí 1 agus 2 d’Iarscríbhinn III;

(44) ciallaíonn ‘odaiméadar’ uirlis lena léirítear an fad iomlán a tiomáineadh san fheithicil ó táirgeadh í;

(45) ciallaíonn ‘crioscaíl’ an t-inneall nó an mótar leictreach, feistí agus córas rialaithe truaillithe feithiclí, an córas tiomána, ceallra tarraingthe, odaiméadar, feiste OBFCM, córas OBD nó OBM a dhíghníomhachtú nó a mhodhnú, lena n-áirítear aon bhogearra nó aon eilimintí rialaithe loighciúla eile de chuid na gcóras sin agus a gcuid sonraí a fhágann nach gcomhlíonann an fheithicil an Rialachán seo;

(46) ciallaíonn ‘saoráid táirgeachta féin’ monarcha monaraíochta nó cóimeála a úsáideann an monaróir chun feithiclí nua a mhonarú nó a chóimeáil don mhonaróir sin, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, feithiclí nach bhfuil beartaithe d’onnmhairiú;

(47) ciallaíonn ‘ionad dearthóireachta féin’ saoráid ina ndeartar agus ina bhforbraítear an fheithicil iomlán, agus saoráid atá á rialú agus á húsáid ag an monaróir;

(48) ciallaíonn ‘monaróir ísealtáirgeachta’ monaróir a mhonaraíonn níos lú ná 10 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_1$ nó 22 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $N_1$, nó 450 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_2$ agus $M_3$ comhcheangailte, nó 6 000 mótarfheithicil nua de chatagóirí $N_2$ agus $N_3$ comhcheangailte, a chláraítear san Aontas in aghaidh gach bliana féilire, agus:

(a) nach cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é; nó

(b) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é atá freagrach as níos lú ná 10 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_1$, nó 22 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $N_1$ ar an iomlán, nó 450 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_2$ agus $M_3$ comhcheangailte, nó 6 000 mótarfheithicil nua de chatagóirí $N_2$ agus $N_3$ comhcheangailte, arna gclárú san Aontas in aghaidh gach bliana féilire agus; nó

(c) ar cuid de ghrúpa monaróirí bainteacha é ach a oibríonn a shaoráidí táirgeachta féin agus a ionad dearthóireachta féin;

(49) ciallaíonn ‘monaróir ultrai-ísealtáirgeachta’ monaróir ísealtáirgeachta a mhonaraigh níos lú ná 1 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $M_1$ nó níos lú ná 1 000 mótarfheithicil nua de chatagóir $N_1$ a cláraíodh san Aontas sa bhliain féilire roimhe sin;

(50) ciallaíonn ‘feithicil faoi lántiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh’ nó ‘ICEV’ feithicil inar innill dócháin inmheánaigh, lena n-áirítear iad siúd a chumhachtaítear le hidrigin, iad na tiontairí fuinnimh tiomána ar fad;

(51) ciallaíonn ‘feithicil lánleictreach’ nó ‘PEV’ mótarfheithicil atá feistithe le gléasra cumhachta inar meaisíní leictreacha go heisiach iad na tiontairí fuinnimh tiomána agus inar córais stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe go heisiach iad na córais stórála fuinnimh tiomána;

(52) ciallaíonn ‘breosla-chill’ tiontaire fuinnimh a aistríonn fuinneamh ceimiceach (ionchur) ina fhuinneamh leictreach (aschur) nó a mhalairt;

(53) ciallaíonn ‘feithicil bhreosla-chille’ nó ‘FCV’ feithicil ag a bhfuil gléasra cumhachta ina bhfuil breosla-chill/breosla-chealla agus meaisín leictreach/meaisíní leictreacha go heisiach mar thiontaire/thiontairí fuinnimh tiomána;

(54) ciallaíonn ‘feithicil bhreosla-chille hibrideach’ nó ‘FCHV’ feithicil bhreosla-chille ag a bhfuil gléasra cumhachta ina bhfuil córas stórála fuinnimh breosla amháin ar a laghad agus córas stórála fuinnimh leictrigh in-athluchtaithe amháin ar a laghad mar chórais stórála fuinnimh tiomána;

(55) ciallaíonn ‘feithicil hibrideach’ nó ‘HV’ feithicil ag a bhfuil gléasra cumhachta ina bhfuil dhá chatagóir dhifriúla ar a laghad de thiontairí fuinnimh tiomána agus dhá chatagóir dhifriúla ar a laghad de chórais stórála fuinnimh;

(56) ciallaíonn ‘feithicil leictreach hibrideach’ nó ‘HEV’ feithicil hibrideach inar meaisín leictreach é ceann amháin de na tiontairí fuinnimh tiomána;

(57) ciallaíonn ‘feithicil leictreach hibrideach le luchtú seachtrach’ nó ‘OVC-HEV’ feithicil leictreach hibrideach ar féidir a luchtú ó fhoinse sheachtrach;

(58) ciallaíonn ‘feithicil leictreach hibrideach le luchtú neamhsheachtrach’ nó ‘NOVC-HEV’ feithicil ina bhfuil dhá thiontaire fuinnimh dhifriúla agus dhá chóras stórála fuinnimh dhifriúla a úsáidtear chun an fheithicil a thiomáint agus nach féidir a luchtú ó fhoinse sheachtrach;

(59) ciallaíonn ‘teicneolaíochtaí geofhálúcháin’ teicneolaíochtaí nach gceadaíonn d’fheithicil hibrideach oibriú gan inneall dócháin inmheánaigh, i.e. mód astaíochtaí nialasacha a chumasú, nuair a thiomáintear laistigh de limistéar geografach sonrach í;

(60) ciallaíonn ‘mód astaíochtaí nialasacha’ mód inroghnaithe, lena dtiomáintear feithicil hibrideach gan úsáid an innill dócháin inmheánaigh;

(61) ciallaíonn ‘mais na feithicle in ord reatha’ mais na feithicle, agus a humar breosla nó a humair bhreosla líonta ag ar a laghad 90 % dá dtoilleadh, lena n-áirítear mais an tiománaí, an bhreosla agus na leachtanna, agus í feistithe leis an trealamh caighdeánach i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra agus, nuair atá siad feistithe, mais an chabhalra, an chábáin, an chúpláin agus na rothaí breise, chomh maith leis na huirlisí;

(62) ciallaíonn ‘ceallra tarraingthe’ córas ceallra lena stóráiltear fuinneamh agus é de phríomhchuspóir aige an fheithicil a thiomáint;

(63) ciallaíonn ‘raon leictreach’ an fad a thaistealaítear faoi dhála oibríochta ídithe luchtaithe go dtí go mbeidh an ceallra tarraingthe ídithe;

(64) ciallaíonn ‘raon astaíochtaí nialasacha’ an t-achar uasta is féidir le feithicil taisteal le hastaíochtaí nialasacha sceite, a chomhfhreagraíonn don raon leictreach i gcás PEVanna;

(65) ciallaíonn ‘marthanacht’ cumas córais nó feiste, comhpháirte nó aon chuid d’fheithicil chun an fheidhmíocht a éilítear a choinneáil ar bun le linn tréimhse áirithe ama;

(66) ciallaíonn ‘marthanacht ceallraí’ marthanacht infheithicle ceallra tarraingthe a thomhaistear i dtéarmaí a staide sláinte;

(67) ciallaíonn ‘staid sláinte’ nó ‘SOH’ staid thomhaiste nó mheasta méadraigh shonraigh feidhmíochta feithicle nó ceallra tarraingthe tráth sonrach ina shaolré, arna léiriú mar chéatadán den fheidhmíocht a cinneadh nuair a deimhníodh é nó nuair a bhí sé nua;

(68) ciallaíonn ‘pas feithicle comhshaoil’ nó ‘EVP’ taifead i bhfoirm dhigiteach ina bhfuil faisnéis maidir le feidhmíocht chomhshaoil feithicle tráth a clárúcháin, lena n-áirítear an leibhéal teorainneacha astaíochtaí truailleán, astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla, tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon leictreach agus inneall nó cumhacht mótair leictrigh, agus marthanacht ceallraí agus luachanna gaolmhara eile;

(69) ciallaíonn ‘córas rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha’ córas a dearadh, a tógadh agus a feistíodh i bhfeithicil chun faisnéis a sholáthar don úsáideoir maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha agus chun deisiúcháin a áirithiú sula mbainfear úsáid bhreise astu;

(70) ciallaíonn ‘córas rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí’ córas a dearadh, a tógadh agus a feistíodh i bhfeithicil chun rabhadh a thabhairt don úsáideoir maidir le leibhéal íseal an imoibrí inchaite agus úsáid an imoibrí a áirithiú;

(71) ciallaíonn ‘dearbhú comhlíontachta’ nó ‘dearbhú’ dearbhú ón monaróir go bhfuil cineál sonrach nó grúpa sonrach feithiclí, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo;

(72) ciallaíonn ‘éifeachtúlacht fuinnimh leantóra’ feidhmíocht leantóra i ndáil lena thionchar ar astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus inneall nó cumhacht mótair leictrigh i mótarfheithicil tarraingthe;

(73) ciallaíonn ‘bonn sneachta’ bonn a bhfuil an pátrún tráchta, an cumasc tráchta nó an tógáil atá aige deartha go príomha chun feidhmíocht a bheadh níos fearr ná feidhmíocht ghnáthbhoinn a bhaint amach faoi dhálaí sneachta agus láibe maidir lena chumas gluaisne na feithicle a thosú agus a choimeád faoi smacht;

(74) ciallaíonn ‘bonn le húsáid i ndrochdhálaí sneachta’ bonn sneachta nó bonn úsáide speisialta a bhfuil a phatrún tráchta, a chomhdhúil tráchta nó a struchtúr deartha go sonrach lena úsáid i ndrochdhálaí sneachta;

(75) ciallaíonn ‘bonn oighearghreama’ bonn sneachta d’aicme $C_1$ lena úsáid i ndrochdhálaí sneachta, a dheartar freisin lena úsáid ar dhromchlaí bóthair atá cumhdaithe le hoighear agus a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe;

(76) ciallaíonn ‘bonn úsáide speisialta’ bonn atá ceaptha le haghaidh úsáid mheasctha, is é sin, úsáid ar an mbóthar agus úsáid eisbhóthair nó le haghaidh saothar speisialta eile agus a dheartar go príomha chun gluaiseacht na feithicle a thionscnamh agus a choinneáil ar bun i ndálaí eisbhóthair;

(77) ciallaíonn ‘rogha’ sraith ceanglas breise a leagtar síos sa Rialachán seo, a bhféadfaidh monaróirí rogha a dhéanamh iad a chomhlíonadh chun go mbeidh siad in ann an t-ainmniúchán comhfhreagrach a úsáid le haghaidh na bhfeithiclí a mhonaraíonn siad.

## Caibidil II
## Oibleagáidí na monaróirí

*Airteagal 4*
*Oibleagáidí na monaróirí maidir le feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a thógáil*

1. Áiritheoidh na monaróirí go bhfuil na feithiclí nua a mhonaróidh siad, a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís san Aontas cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ó na dátaí sonracha cur i bhfeidhm a leagtar amach sa Rialachán seo, áiritheoidh monaróirí go ndéanfar na córais nua, na comhpháirteanna nua nó na haonaid theicniúla ar leith, lena n-áirítear innill, ceallra tarraingthe, córais coscáin, boinn agus córais athsholáthair rialaithe truaillithe a bhfuil cineálcheadú ag teastáil ina leith agus a mhonaraíonn siad agus a dhíoltar nó a chuirtear i seirbhís san Aontas, a chineál-cheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh monaróirí feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil ionas go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán seo, lena n-áirítear comhlíonadh na dteorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III agus ionas go n-urramófar na luachanna a dhearbhaítear sa deimhniú comhréireachta agus sa doiciméadacht chineálcheadaithe le haghaidh saolré na feithicle, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn IV. Ainmneofar na feithiclí seo mar fheithiclí 'Euro 7'.

3. I gcás inarb infheidhme, i gcás ina bhfíoraíonn monaróirí, údaráis náisiúnta, an Coimisiún nó tríú páirtithe aitheanta go bhfuil na teorainneacha astaíochtaí sceite á gcomhlíonadh, i gcás ina ndéantar an tástáil faoi dhálaí tiomána sínte, roinnfear na hastaíochtaí ar an roinnteoir tiomána sínte a leagtar amach i Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe[25].

4. Déanfaidh monaróirí córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leith, lena n-áirítear innill, mótair leictreacha, ceallraí tarraingthe, córais choscáin, boinn agus córais athsholáthair rialaithe truaillithe a dhearadh agus a thógáil ionas go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán seo, lena n-áirítear na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I faoi réir na gcoinníollacha tástála a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

5. Ní dhéanfaidh monaróirí feithiclí a bhfuil feistí cúblála nó straitéisí cúblála acu a dhearadh, a thógáil nó a chóimeáil.

[25] Rialachán Uimh. 168 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí paisinéirí agus tráchtála saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí fíorthiomána (RDE).

6. Dearfaidh, tógfaidh agus cóimeálfaidh monaróirí feithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$ ina bhfuil:

(a) córais OBD ar féidir leo córais a bhfuil mífheidhm leo a bhrath as a dtagann sáruithe ar astaíochtaí sceite nó mífheidhmiú comhpháirteanna a bhaineann le feidhmíocht astaíochtaí chun deisiúcháin a éascú;

(b) córais OBM atá in ann faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí sceite;

(c) feistí OBFCM chun faireachán a dhéanamh ar an bhfíor-thomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh agus paraiméadair ábhartha eile a bhfuil gá leo chun an fhíor-éifeachtúlacht breosla agus fuinnimh a chinneadh;

(d) monatóirí SOH an cheallra tarraingthe;

(e) córas rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha;

(f) córas rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí;

(g) feistí a chuireann in iúl sonraí seachtracha arna nginiúint ag an bhfeithicil a úsáidtear chun an Rialachán seo agus sonraí OBFCM a chomhlíonadh, lena n-áirítear chun críoch tástálacha tráthrialta maidir le ródacmhainneacht i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] agus cigireachtaí teicniúla cois bóthair i gcomhréir le Treoir 2014/47/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], agus chun críoch cumarsáid a dhéanamh leis an mbonneagar athluchtaithe agus na córais chumhachta suite atá in ann tacú le feidhmíocht luchtaithe chliste agus dhéthreoch.

7. Dearfaidh, tógfaidh agus cóimeálfaidh monaróirí feithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$ ar bhealach ina n-íoslaghdófar leochaileachtaí a thagann chun cinn i gcéimeanna uile a saolré, agus a bhféadfaidh crioscaíl leis na nithe a leanas a bheith mar thoradh orthu:

(a) córas insteallta breosla agus imoibrí,

(b) an t-inneall agus aonaid rialaithe innill,

(c) ceallraí tarraingthe agus córais bhainistíochta ghaolmhara,

(d) odaiméadar,

(e) córais rialaithe truaillithe,

---

[26] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51).

[27] Treoir 2014/47/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le cigireacht theicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a bhíonn ag gluaiseacht san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/30/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 134).

(f) mótar leictreach agus aonaid rialaithe ghaolmhara,

(g) feiste OBFCM,

(h) córas OBD,

(i) córas OBM, agus

(j) EVP.

8. Cuirfidh na monaróirí cosc ar an bhféidearthacht na leochaileachtaí dá dtagraítear i mír 7 a shaothrú a mhéid is féidir bunaithe ar an eolas is fearr a bheidh ar fáil tráth an chineálcheadaithe. I gcás ina n-aimseofar leochaileacht den sórt sin, déanfaidh monaróirí gach beart is féidir, agus staid na teicneolaíochta á cur san áireamh, chun an leochaileacht a bhaint, trí bhogearraí a nuashonrú nó trí aon mhodh iomchuí eile.

9. Ní dhiúltóidh na monaróirí rochtain, ar fhorais fhrithchrioscaíola, ar fhaisnéis, ar uirlisí nó ar phróisis is gá chun páirteanna athsholáthair iarmhargaidh comhoiriúnacha a chomhlíonann ceanglais theicniúla an mhonaróra a fhorbairt, a shuiteáil agus a ghníomhachtú, ach amháin más féidir leo a léiriú gur modh comhréireach é an fhaisnéis, na huirlisí agus na próisis atá i gceist a choinneáil siar chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní frithchrioscaíola atá i gceist.

10. Cuirfear sonraí comhshaoil faoin gcineál feithicle agus faoi fheidhmíocht chomhshaoil feithiclí aonair ar fáil d'úsáideoirí agus, i gcás inarb iomchuí, taispeánfar iad laistigh den fheithicil. Leis na sonraí sin, cumhdófar sonraí ó EVP, ón gcóras OBM agus ón bhfeiste OBFCM, lena n-áirítear luachanna saolré, agus staid sláinte an cheallra tarraingthe.

11. Áiritheoidh na monaróirí tarchur slán sonraí a bhaineann le hastaíochtaí agus marthanacht ceallraí trí bhearta cibearshlándála a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe[28].

*Airteagal 5*

*Roghanna na monaróirí maidir le tógáil agus ainmniú feithiclí*

1. Féadfaidh monaróirí feithiclí a ainmniú mar fheithiclí 'Euro 7G' i gcás ina bhfuil na feithiclí sin feistithe le hinnill dócháin inmheánaigh ag a bhfuil teicneolaíochtaí geofhálúcháin. Feisteoidh an monaróir córas rabhaidh don tiománaí ar na feithiclí sin chun an t-úsáideoir a chur ar an eolas nuair a bhíonn na ceallraí tarraingthe nach mór folamh agus chun an fheithicil a stad mura luchtaítear í laistigh de 5 km ón gcéad rabhadh nuair atáthar sa mhód astaíochtaí nialasacha laistigh den limistéar geofhálúcháin. Léireofar cur i bhfeidhm na dteicneolaíochtaí geofhálaithe sin don údarás ceadaithe le linn an chineálcheadaithe agus fíorófar iad le linn shaolré na feithicle.

2. Arna iarraidh sin don mhonaróir, i gcás feithiclí de chatagóir $N_2$ idir 3,5 agus 5 thona uasmhais de thionscnamh cineál feithicle de chatagóir $N_1$, féadfaidh an t-údarás ceadaithe cineálcheadú astaíochtaí a dheonú má chomhlíonann an fheithicil na ceanglais le haghaidh cineál feithicle de chatagóir $N_1$. Ainmneofar na feithiclí sin mar fheithiclí 'Euro 7ext'.

3. Féadfaidh monaróirí feithiclí a dhéanamh lena gcomhcheanglófar na saintréithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus féadfaidh siad iad a ainmniú mar fheithiclí 'Euro 7Gext'.

---

[28] Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le mótarfheithiclí a cheadú a mhéid a bhaineann leis an gcibearshlándáil agus le córas um bainistiú cibearshlándála.

*Airteagal 6*

*Ceanglais mharthanachta d'fheithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh*

1. Maidir leis na feithiclí a mhonaraíonn siad, feithiclí a dhíoltar, a chláraítear nó a chuirtear i seirbhís san Aontas, áiritheoidh monaróir go gcomhlíonann na feithiclí sin na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I nuair a thiomáintear na feithiclí sin faoi choinníollacha tástála mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III iad, le haghaidh saolré na feithicle, de réir mar is infheidhme, mar a leagtar amach i dtábla 1 d'Iarscríbhinn IV, agus go gcomhlíonann siad na híoscheanglais feidhmíochta maidir le marthanacht ceallraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

2. Áiritheoidh na monaróirí go gcomhlíonann na feithiclí dá dtagraítear i mír 1 na luachanna maidir le hastaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh agus éifeachtúlacht fuinnimh a dhearbhaítear faoin Rialachán seo le haghaidh saolré na feithicle, de réir mar is infheidhme, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

3. Áiritheoidh na monaróirí go gcomhlíonann dearadh agus feidhmiúlacht feistí OBFCM agus córas OBD agus OBM agus bearta frithchrioscaíola arna suiteáil sna feithiclí dá dtagraítear i mír 1 an Rialachán seo agus nach féidir agus nach féidir na feistí, na córais agus na bearta a dhíghníomhachtú fad a bheidh na feithiclí sin in úsáid.

4. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 gan beann ar na cineálacha breoslaí nó na foinsí fuinnimh lena ndéantar iad a chumhachtú. Beidh feidhm ag na ceanglais sin maidir leis na haonaid theicniúla ar leithligh agus na comhpháirteanna uile atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin.

5. Chun comhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear i mír 1 a fhíorú le linn shaolré breise feithicle, déanfar na teorainneacha truailleán gásach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a choigeartú trí iolraitheoirí marthanachta, a leagtar amach i dTábla 2 d’Iarscríbhinn IV, a úsáid.

6. Beidh córais OBM arna bhfeistiú ag an monaróir sna feithiclí sin in ann:

(a) faireachán a dhéanamh ar gach astaíocht sceite $NO_x$, $NH_3$ agus PM ó fheithiclí de chatagóirí $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ agus $NO_x$ agus PM ó fheithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus iad a chlárú agus sáruithe ar a laghad 2,5 oiread na luachanna teorainneacha astaíochtaí sceite ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bhrath;

(b) sonraí a chur in iúl maidir le feidhmíocht astaíochtaí sceite agus sonraí marthanachta ceallraí na feithicle trí phort OBD, lena n-áirítear sonraí chun críche tástálacha ródacmhainneachta i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE agus iniúchtaí teicniúla cois bóthair i gcomhréir le Treoir 2014/47/AE, agus go hanaithnid thar an aer chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cineálacha feithiclí;

(c) an córas rabhaidh don tiománaí a spreagadh nuair a sháraítear astaíochtaí sceite go suntasach, trí mhodhanna comhchuibhithe a úsáid chun deisiúchán tráthúil a spreagadh, gan cosc a chur ar fheithiclí turas leanúnach a dhéanamh chun saincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre a sheachaint.

7. Na feistí OBFCM arna suiteáil ag na monaróirí sna feithiclí dá dtagraítear i mír 1, beidh siad in ann na sonraí feithicle ábhartha uile atá ag teastáil de réir dlí a chur in iúl, de rogha, tríd an bport OBD agus thar an aer.

8. I gcás ina gcothaíonn feithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh riosca tromchúiseach nó neamhchomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo, déanfaidh na monaróirí láithreach, ón nóiméad is eol dóibh é, na bearta ceartaitheacha is gá, lena n-áirítear deisiúchán nó modhnuithe ar an bhfeithicil, córas, comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh sin, de réir mar is iomchuí, chun an riosca tromchúiseach a dhíothú nó chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo. Cuirfidh monaróirí agus aon oibreoir eacnamaíoch eile Rialachán (AE) 2018/858 i bhfeidhm dá réir sin.

Cuirfidh na monaróirí an t-údarás ceadaithe a dheonaigh an cineálcheadú ar an eolas láithreach faoin neamh-chomhréireacht agus cuirfidh siad mionsonraí iomchuí ar fáil.

*Airteagal 7*

*Oibleagáidí na monaróirí maidir le cineálcheadú astaíochtaí*

1. Chun a léiriú go bhfuil na rialacha maidir le cineálcheadú astaíochtaí á gcomhlíonadh le linn cineálcheadú astaíochtaí, déanfaidh an monaróir na tástálacha a shonraítear i dTáblaí 1, 3, 5, 7, 9 agus 11 d'Iarscríbhinn V. Chun comhréireacht táirgeachta le ceanglais an Rialacháin seo a fhíorú, roghnóidh an t-údarás ceadaithe nó an monaróir feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh ag áitreabh an mhonaróra. Déanfar comhréireacht inseirbhíse a sheiceáil le haghaidh saolré na feithicle, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn IV.

2. Cuirfidh an monaróir dearbhú sínithe maidir le comhlíontacht ar fáil don údarás ceadaithe a mhéid a bhaineann le RDE, ceartú teochta comhthimpeallaí $CO_2$, córais OBD agus OBM, marthanacht astaíochtaí agus ceallraí, athghiniúint leanúnach nó thréimhsiúil, frithchrioscaíl agus ceanglais astaíochtaí ó chás an chromáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn V. Cuirfidh na monaróirí dearbhú sínithe maidir le comhlíontacht ar fáil don údarás ceadaithe i leith úsáid na rogha geofhálaithe nuair a roghnóidh an monaróir é.

3. Féadfaidh na húdaráis náisiúnta an cineál feithicle a thástáil chun a comhréireacht a fhíorú le linn comhréireachta táirgeachta, comhréireachta inseirbhíse nó faireachais margaidh mar a shonraítear in Iarscríbhinn V.

4. Eiseoidh na monaróirí EVP le haghaidh gach feithicle agus soláthróidh siad an pas don cheannaitheoir in éineacht leis an bhfeithicil, ag baint na sonraí ábhartha as foinsí, amhail an deimhnithe comhréireachta agus doiciméadacht an chineálcheadaithe. Áiritheoidh na monaróirí go mbíonn sonraí EVP ar fáil lena dtaispeáint ar chórais leictreonacha na feithicle nó trí chód QR nó aon mhodh dá samhail agus gur féidir sonraí EVP a tharchur ó chóras ar bord go córas seachtrach.

5. I gcás cineálcheadú ilchéimneach, beidh feidhm ag Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2018/858 maidir le cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta agus comhréireacht inseirbhíse.

*Airteagal 8*

*Rialacha speisialta do mhonaróirí ísealtáirgeachta*

1. A mhéid a bhaineann le hastaíochtaí truailleán, féadfaidh na monaróirí ísealtáirgeachta dearbhuithe comhlíontachta a chur in ionad tástálacha a leagtar amach i dTáblaí 1, 3, 5, 7, 9 agus 11 d'Iarscríbhinn V. Féadfar comhlíontacht feithiclí a thógann monaróirí ísealtáirgeachta agus a chuireann monaróirí ísealtáirgeachta ar an margadh a thástáil i leith comhréireachta inseirbhíse agus faireachais margaidh i gcomhréir le Táblaí 2, 4, 6, 8, 10 agus 12 d'Iarscríbhinn V. Ní éileofar tástálacha maidir le comhréireacht táirgeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

   Ní bheidh feidhm ag pointí (b), (c) ná (e) d'Airteagal 4(6) maidir le monaróirí ísealtáirgeachta fheithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$.

2. Léireoidh monaróirí ultrai-ísealtáirgeachta go bhfuil na teorainneacha astaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I á gcomhlíonadh, bíodh siad ar bhóthar nó i dtástálacha saotharlainne atá bunaithe ar thimthriallta fíorthiomána chun críocha comhréireachta inseirbhíse agus faireachais margaidh.

*Airteagal 9*

*Rialacha speisialta i gcomhair feithiclí a bhfuil inneall cineálcheadaithe acu*

1. I gcás ina bhformheastar cineál feithicle de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ nó $N_3$ a bhfuil inneall cineálcheadaithe aici, beidh monaróir na feithicle freagrach as cineálcheadú astaíochtaí. Cumhdófar leis an oibleagáid sin freisin suiteáil an innill ar an bhfeithicil. I gcás ina bhfuil suiteáil an innill i gcomhréir le sonraíochtaí shuiteáil an innill arna soláthar ag monaróir an innill agus faoi réir comhaontú roimh ré idir monaróir na feithicle agus monaróir an innill, is féidir a chur de fhreagracht ar mhonaróir an innill a léiriú go bhfuil na ceanglais chomhréireachta inseirbhíse á gcomhlíonadh.

2. I gcás feithicil a bhfuil inneall ceadaithe aici, déanfaidh monaróir an innill na tástálacha cineálcheadaithe agus comhréireachta táirgeachta a bhaineann le feithiclí a shonraítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn V, óna ndíolmhaítear an monaróir feithiclí. Déanfaidh monaróir an innill na tástálacha a bhaineann le comhréireacht inseirbhíse freisin, i gcás ina gcuirtear de fhreagracht ar mhonaróir an innill a léiriú go bhfuil na ceanglais chomhréireachta inseirbhíse á gcomhlíonadh, ach amháin as an gcinneadh $CO_2$ a bhfuil monaróir na feithicle freagrach as i gcónaí.

3. Leis na ceanglais riaracháin i gcomhair na dtástálacha cineálcheadaithe agus comhréireachta inseirbhíse ar fheithiclí ina suiteáiltear inneall cineálcheadaithe, cumhdófar go háirithe saintréithe chineálcheadú an innill atá le cur san áireamh, an fhaisnéis atá le soláthar ag monaróir an innill do mhonaróir na feithicle agus sannadh na freagrachta as comhréireacht inseirbhíse.

# Caibidil III
# Oibleagáidí na mBallstát maidir le cineálcheadú astaíochtaí agus faireachas margaidh

*Airteagal 10*

*Cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh*

1. Cuirfidh údaráis cheadaithe bearta i bhfeidhm chun cineálcheaduithe astaíochta a dheonú do chineálacha feithiclí, córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh agus chun tástálacha, seiceálacha agus cigireachtaí a dhéanamh chun a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na monaróirí na ceanglais maidir le comhréireacht táirgeachta agus comhréireacht inseirbhíse i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

2. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh seiceálacha faireachais margaidh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2018/858 agus Táblaí 2, 4, 6, 8, 10 agus 12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Le héifeacht ó ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme uile dá dtagraítear in Airteagal 14(8), i gcás ina n-iarrfaidh monaróir amhlaidh, ní dhiúltóidh na húdaráis cheadaithe cineálcheadú astaíochtaí ón Aontas nó cineálcheadú astaíochtaí náisiúnta a dheonú do chineál nua feithicle de chatagóir $M_1$ nó $N_1$, ná ní chuirfidh siad toirmeasc ar fheithicil nua den sórt sin a chlárú, a dhíol nó a chur i seirbhís i gcomhréir leis an Rialachán.

Le héifeacht ó ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme ar fad dá dtagraítear in Airteagal 14(9), i gcás ina n-iarrann monaróir amhlaidh, ní dhiúltóidh na húdaráis cheadaithe cineálcheadú astaíochtaí ón Aontas nó cineálcheadú astaíochtaí náisiúnta a dheonú i leith chineálacha nua fheithiclí $M_2$, $M_3$, $N_2$ nó $N_3$ nó innill atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, ná ní fhéadfaidh siad clárú, díol nó cur i seirbhís feithiclí nó innill nua den sórt sin, feithiclí nó innill a chomhlíonann an Rialachán seo, a thoirmeasc.

4. Le héifeacht ón … [30 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás cineálacha nua feithiclí de chatagóir $M_1$ agus $N_1$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo, diúltóidh na húdaráis cheadaithe cineálcheadú astaíochtaí ón Aontas nó cineálcheadú náisiúnta a dheonú i leith na gcineálacha nua feithiclí sin ar chúiseanna a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh nó marthanacht ceallraí.

5. Le héifeacht ón … [42 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás feithiclí nua de chatagóir $M_1$ nó $N_1$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críoch clárúcháin agus déanfaidh siad clárú, díol nó cur i seirbhís feithiclí nua den chineál sin a thoirmeasc ar chúiseanna a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh nó marthanacht ceallraí.

6. Le héifeacht ón … [48 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás cineálacha nua feithiclí de chatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$ nó $N_3$ agus cineálacha nua leantóirí de chatagóir $O_3$ nó $O_4$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo, diúltóidh na húdaráis cheadaithe cineálcheadú astaíochtaí ón Aontas nó cineálcheadú astaíochtaí náisiúnta a dheonú i leith na gcineálacha nua feithiclí agus leantóirí sin ar chúiseanna a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh nó marthanacht ceallraí.

7. Le héifeacht ón … [60 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás feithiclí nua de chatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$ nó $N_3$ agus leantóirí nua de chatagóir $O_3$ nó $O_4$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críoch clárúcháin agus déanfaidh siad clárú, díol nó cur i seirbhís feithiclí agus leantóirí nua den chineál sin a thoirmeasc ar chúiseanna a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh nó marthanacht ceallraí.

8. De mhaolú ar mhír 7 den Airteagal seo, go dtí an 31 Nollaig 2029, i gcás feithiclí de chatagóir $M_2$ nó $M_3$, a bhfuil sprioc 100 % maidir le hastaíochtaí nialasacha ann ina leith ón tréimhse tuairiscithe don bhliain 2030 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1242, ceadóidh na húdaráis náisiúnta clárú, díol nó cur i seirbhís feithiclí nua, nach gcomhlíonann an Rialachán seo, ach a bhfuil cineálcheadú astaíochtaí bailí acu i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 595/2009.

9. Le héifeacht ón 1 Iúil 2030, i gcás feithiclí nua de chatagóir $M_1$ nó $N_1$ arna ndéanamh ag monaróirí ísealtáirgeachta nach gcomhlíonann an Rialachán seo, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críoch clárúcháin agus déanfaidh siad clárú, díol nó cur i seirbhís feithiclí nua den chineál sin a thoirmeasc ar chúiseanna a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh nó marthanacht ceallraí.

10. Le héifeacht ón 1 Iúil 2031, i gcás chineálacha nua feithiclí de chatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$ nó $N_3$ arna ndéanamh ag monaróirí ísealtáirgeachta nach gcomhlíonann an Rialachán seo, measfaidh na húdaráis náisiúnta nach bhfuil deimhnithe comhréireachta bailí a thuilleadh chun críoch clárúcháin agus déanfaidh siad clárú, díol nó cur i seirbhís feithiclí agus leantóirí nua den chineál sin a thoirmeasc ar chúiseanna a bhaineann le hastaíochtaí $CO_2$ agus truailleán, tomhaltas breosla agus fuinnimh leictrigh nó marthanacht ceallraí.

*Airteagal 11*

*Oibleagáidí sonracha na mBallstát maidir le cineálcheadú astaíochtaí córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh*

1. Le héifeacht ón … [30 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar dhíol nó suiteáil córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh atá le feistiú ar fheithicil de chatagóir $M_1$ nó $N_1$ a cheadaítear faoin Rialachán seo mura mbíonn an córas, an chomhpháirt ná an t-aonad teicniúil ar leithligh cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Le héifeacht ón … [48 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar dhíol nó suiteáil córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh atá le feistiú ar fheithicil de chatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$ nó $N_3$, nó ar leantóir de chatagóir $O_3$ nó $O_4$ a cheadaítear faoin Rialachán seo mura mbíonn an córas, an chomhpháirt ná an t-aonad teicniúil ar leithligh ar chineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo.

3. Maidir le cineálcheaduithe astaíochtaí ón Aontas i ndáil le córas athsholáthair rialaithe truaillithe, féadfaidh údaráis cheadaithe leanúint de shíntí a dheonú faoi na téarmaí a bhí i bhfeidhm tráth an chineálcheadaithe astaíochtaí bhunaidh. Toirmeascfaidh údaráis náisiúnta díol na gcóras athsholáthair rialaithe truaillithe sin agus toirmeascfaidh siad iad a fheistiú ar fheithicil mura bhfuil siad cineálcheadaithe.

4. Le héifeacht ón 1 Iúil 2028, ní dheonóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheadú ón Aontas i leith comhpháirte ná aonaid theicniúil ar leithligh ach amháin i ndáil le cineálacha nua bonn d’aicme $C_1$ a chomhlíonann an Rialachán seo.

Le héifeacht ón 1 Iúil 2030, toirmeascfaidh na húdaráis náisiúnta boinn d’aicme $C_1$ a chur ar an margadh nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus toirmeascfaidh siad clárú fheithiclí nua a bhfuil boinn d’aicme $C_1$ acu i gcás nach gcomhlíonann na boinn sin an Rialachán seo.

Féadfar leanúint de bhoinn d’aicme $C_1$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh go dtí an 30 Meitheamh 2032.

5. Le héifeacht ón 1 Aibreán 2030, ní dheonóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheadú ón Aontas i leith comhpháirte ná aonaid theicniúil ar leithligh ach amháin i ndáil le cineálacha nua bonn d’aicme $C_2$ a chomhlíonann an Rialachán seo.

Le héifeacht ón 1 Aibreán 2032, toirmeascfaidh na húdaráis náisiúnta boinn d’aicme $C_2$ a chur ar an margadh nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus toirmeascfaidh siad clárú feithiclí nua a bhfuil boinn d’aicme $C_2$ acu i gcás nach gcomhlíonann na boinn sin an Rialachán seo.

Féadfar leanúint de bhoinn d’aicme $C_2$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh go dtí an 31 Márta 2034.

6. Le héifeacht ón 1 Aibreán 2032, ní dheonóidh na húdaráis náisiúnta cineálcheadú ón Aontas i leith comhpháirte ná aonaid theicniúil ar leithligh ach amháin i ndáil le cineálacha nua bonn d’aicme $C_3$ a chomhlíonann an Rialachán seo.

Le héifeacht ón 1 Aibreán 2034, toirmeascfaidh na húdaráis náisiúnta boinn d’aicme $C_3$ a chur ar an margadh nach gcomhlíonann an Rialachán seo agus toirmeascfaidh siad clárú fheithiclí nua a bhfuil boinn d’aicme $C_3$ acu i gcás nach gcomhlíonann na boinn sin an Rialachán seo.

Féadfar leanúint de bhoinn d’aicme $C_3$ nach gcomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh go dtí an 31 Márta 2036.

*Airteagal 12*

*Oibriú córas ina n-úsáidtear imoibrí inchaite agus córas rialaithe truaillithe*

1. Ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha ná oibreoirí neamhspleácha crioscaíl i ndáil leis na feithiclí ná a gcórais.

2. Fíoróidh na húdaráis náisiúnta, le linn seiceálacha ar chomhréireacht inseirbhíse nó faireachas margaidh, cé acu a d'fheistigh nó nár fheistigh monaróirí feithiclí córais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha agus córais rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí i gceart agus cé acu is féidir nó nach féidir crioscaíl a dhéanamh i ndáil leis na feithiclí.

# Caibidil IV

# Ról an Choimisiúin agus tríú páirtithe aitheanta maidir le comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh

*Airteagal 13*

*Cur i bhfeidhm ceanglas tástála arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus tríú páirtithe aitheanta*

1. Is é an Coimisiún a dhéanfaidh seiceálacha comhréireachta inseirbhíse agus faireachais margaidh mar a leagtar amach i dTáblaí 2, 4, 6, 8, 10, agus 12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2018/858 agus féadfaidh tríú páirtithe aitheanta iad a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 13(10) den Rialachán sin, chun a fhíorú go gcomhlíonann feithiclí, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh an Rialachán seo.

2. Na sonraí a éilítear chun na seiceálacha sin, cuirfidh na monaróirí ar fáil don Choimisiún iad agus do thríú páirtithe aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 9(5) agus Airteagal 13(10) de Rialachán (AE) 2018/858.

## Caibidil V
## Tástálacha agus dearbhuithe

*Airteagal 14*

*Nósanna imeachta agus tástálacha*

1. Áireofar sna nósanna imeachta do chineálcheadú astaíochtaí tástálacha agus seiceálacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn V chomh maith leis na nósanna imeachta riaracháin agus na ceanglais doiciméadachta uile. Chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais a shonraítear in Iarscríbhinn V, i gcás inarb infheidhme, cuirfidh na monaróirí dearbhú comhlíontachta faoi bhráid an údaráis ceadaithe.

2. Déanfaidh na monaróirí agus na húdaráis náisiúnta tástálacha mar a shonraítear in Iarscríbhinn V chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a léiriú. Féadfaidh an Coimisiún agus tríú páirtithe aitheanta tástálacha a dhéanamh chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a léiriú de réir mar a shonraítear in Iarscríbhinn V. I gcás ina sonraítear tástáil mar thástáil roghnach i dTáblaí 1, 3, 5, 7, 9 agus 11 d’Iarscríbhinn V, féadfaidh an t-údarás ceadaithe a iarraidh go ndéanfar an tástáil shonraithe sin.

Tá monaróirí leis na tástálacha a shonraítear i dTáblaí 1, 3, 5, 7, 9 agus 11 d'Iarscríbhinn V a dhéanamh. Tá na húdaráis náisiúnta, an Coimisiún agus tríú páirtithe aitheanta leis na tástálacha a shonraítear i dTáblaí 2, 4, 6, 8, 10 agus 12 d'Iarscríbhinn V a dhéanamh.

3. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina leagtar amach nósanna imeachta agus modheolaíochtaí tástála, forálacha riaracháin, nósanna imeachta agus modheolaíochtaí maidir le leasú agus síneadh cineálcheaduithe astaíochtaí, rochtain ar shonraí, ceanglais maidir le doiciméadacht agus teimpléid maidir le cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh, do gach ceann díobh seo a leanas:

(a) cineálacha feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$;

(b) cineálacha feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$;

(c) innill a úsáidtear i gcineálacha feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$;

(d) córais OBM agus OBD;

(e) córas rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí iomarcacha;

(f) córas rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí;

(g) córais frithchrioscaíola, slándála agus cibearshlándála;

(h) cineálacha córas athsholáthair rialaithe truaillithe agus a bpáirteanna;

(i) cineálacha córas coscáin agus a bpáirteanna athsholáthair i ndáil le hastaíochtaí cáithníní;

(j) boinn d'aicme $C_1$, $C_2$ agus $C_3$ i ndáil le scríobadh bonn;

(k) cineálacha comhpháirteanna eile agus a bpáirteanna athsholáthair;

(l) astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh, raon leictreach agus cinneadh cumhachta i gcás feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$, forálacha maidir le feistí OBFCM;

(m) astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus ídiú fuinnimh leictrigh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus cinneadh cumhachta i gcás feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, éifeachtúlacht fuinnimh leantóirí de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$, forálacha maidir le feistí OBFCM.

4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an gcineálcheadú astaíochtaí, le comhréireacht inseirbhíse, comhréireacht táirgeachta agus faireachas margaidh, chun an méid seo a leanas a leagan síos:

(a) na modhanna chun astaíochtaí sceite a thomhas sa tsaotharlann agus ar an mbóthar de réir gnáthúsáide don tiomáint san fhíorshaol agus úsáid córas tomhais iniompartha astaíochtaí chun astaíochtaí fíorthiomána a fhíorú;

(b) na modhanna chun astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach agus cumhacht mótarfheithicle a chinneadh;

(c) na modhanna, ceanglais agus sonraíochtaí teicniúla do ghiartháscairí;

(d) na modhanna chun éifeachtúlacht fuinnimh leantóirí de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$ a chinneadh;

(e) na modhanna chun astaíochtaí ó chás an chromáin a thomhas;

(f) na modhanna chun astaíochtaí galaithe a thomhas;

(g) na modhanna chun astaíochtaí cáithníní ó choscáin a thomhas, lena n-áirítear modhanna d’fheithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, astaíochtaí cáithníní fíorthiomána ó choscáin agus coscánú athghiniúnach;

(h) na modhanna chun scríobadh bonn a thomhas;

(i) na modhanna chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht le híoscheanglais feidhmíochta maidir le marthanacht ceallraí;

(j) na modhanna, ceanglais agus tástálacha, lena n-áirítear tairseacha comhlíontachta, chun feidhmíocht na bhfeistí OBFCM, córas OBD agus OBM agus braiteoirí na bhfeistí agus na gcóras sin, chomh maith le cumarsáid sheachtrach na sonraí a thaifeadann na feistí agus na córais sin a áirithiú;

(k) saintréithe agus feidhmíocht chórais rabhaidh don tiománaí agus modhanna spreagtha agus modhanna chun measúnú a dhéanamh ar a n-oibriú;

(l) na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar oibriú, éifeachtacht, athghiniúint agus marthanacht chórais bhunaidh agus chórais athsholáthair rialaithe truaillithe;

(m) na modhanna chun comhlíonadh Airteagal 4(5) a áirithiú agus a mheasúnú, lena n-áirítear an mhodheolaíocht don anailís leochaileachta agus do chosaint frithchrioscaíola a áirithiú agus a mheas;

(n) na modhanna chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le cineálcheaduithe astaíochtaí is infheidhme i dtaca le feithiclí arna dtógáil ag monaróirí ísealtáirgeachta agus ultrai-ísealtáirgeachta mar a leagtar amach in Airteagal 8 agus nósanna imeachta tástála do na feithiclí sin;

(o) na modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú cineálacha feithiclí a fhormheastar faoi na hainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5;

(p) na seiceálacha maidir le comhlíontacht Airteagal 9 (1) agus (2) agus na nósanna imeachta tástála maidir le feithiclí ilchéimneacha;

(q) na ceanglais feidhmíochta maidir le trealamh tástála;

(r) na sonraíochtaí breoslaí tagartha a úsáidtear chun tástáil a dhéanamh;

(s) na modhanna chun measúnú a dhéanamh ar easpa feistí cúblála agus straitéisí cúblála;

(t) formáid agus sonraí agus modhanna cumarsáide seachtracha le haghaidh EVP, agus modhanna chun sonraí comhshaoil faoin gcineál feithicle agus faoi fheidhmíocht chomhshaoil na feithicle aonair a thaispeáint laistigh den fheithicil;

(u) na ceanglais riaracháin agus doiciméadachta le haghaidh cineálcheadú astaíochtaí, comhréireacht táirgeachta, comhréireacht inseirbhíse agus faireachas margaidh;

(v) oibleagáidí tuairiscithe, i gcás inarb iomchuí.

5. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17(2).

6. Cumhdóidh aon ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 ceann amháin nó níos mó de na hítimí dá dtagraítear i mír 3, pointí (a) go (m) in éineacht le ceann amháin nó níos mó de na hítimí dá dtagraítear i mír 4, pointí (a) go (v).

7. Maidir le gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo, a mhéid a bhaineann le catagóirí $M_1$ agus $N_1$, léireoidh na modhanna chun astaíochtaí sceite truailleán agus astaíochtaí galaitheacha a thomhas na modhanna a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1151 de réir mar is infheidhme tráth a ghlactar an gníomh cur chun feidhme ábhartha.

8. Faoin … [12 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a thagraítear dóibh i bpointe (a) de mhír 3, glacfaidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme seo a leanas:

   (a) i ndáil le hastaíochtaí truailleán, dá dtagraítear i mír 4, pointí (a), (e), (f), (k), (q), (r), (s), (t), (u) agus (v);

   (b) i ndáil leis na modhanna chun astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach, cumhacht feithicle chomh maith le feidhmíocht na bhfeistí OBFCM a chinneadh, mar a thagraítear dóibh i mír 4, pointí (b), (c) agus (j);

   (c) i ndáil leis na córais OBM agus OBD mar a thagraítear dóibh i mír 4, pointí (j) agus (k).

9. Faoin … [30 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin], glacfaidh an Coimisiún, i gcás feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, dá dtagraítear i mír 3, pointí (b) agus (c), faoi seach, agus a n-innill, chomh maith le leantóirí de chatagóirí $O_3$ agus $O_4$, na gníomhartha cur chun feidhme seo a leanas:

(a) i ndáil le hastaíochtaí truailleán, dá dtagraítear i mír 4, pointí (a), (e), (k), (q), (r), (s), (t), (u) agus (v);

(b) i ndáil leis na modhanna chun astaíochtaí $CO_2$, tomhaltas breosla agus tomhaltas fuinnimh leictrigh, raon astaíochtaí nialasacha, raon leictreach, cumhacht feithicle chomh maith le feidhmíocht na bhfeistí OBFCM a chinneadh, mar a thagraítear dóibh i mír 4, pointí (b), (d) agus (j);

(c) i ndáil leis na córais OBM agus OBD mar a thagraítear dóibh i mír 4, pointí (j) agus (k).

*Airteagal 15*

*Oiriúnú don dul chun cinn teicniúil*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun dul chun cinn teicniúil a chur san áireamh chun an Rialachán seo a leasú mar a leanas:

(a) Airteagal 5 trí roghanna breise agus ainmniúcháin bhreise a thabhairt isteach bunaithe ar theicneolaíochtaí nuálacha do mhonaróirí;

(b) rialacha speisialta a leagan amach do mhonaróirí ísealtáirgeachta i gcomhair feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ faoi Airteagail 3 agus 8;

(c) i gcás inarb iomchuí, teorainneacha astaíochta a leagan amach i gcomhair formaildéid ó fheithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I, ag eascairt as agus bunaithe ar an athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 18(6);

(d) Tábla 2 d'Iarscríbhinn III, a mhéid a bhaineann leis na dálaí tástála i gcás feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, bunaithe ar shonraí arna mbailiú agus feithiclí Euro 7 á dtástáil;

(e) Tábla 4 agus Tábla 5 d'Iarscríbhinn III, a mhéid a bhaineann leis na dálaí tástála, bunaithe ar shonraí arna mbailiú agus coscáin nó boinn Euro 7 á dtástáil;

(f) iolraitheoirí marthanachta a leagan amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn IV bunaithe ar shonraí arna mbailiú agus astaíochtaí sceite feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ á dtástáil agus tuarascáil ar mharthanacht feithiclí tromshaothair arna cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 18(3);

(g) Iarscríbhinn V, a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm ceanglas tástála agus dearbhuithe.

2. I gcás inar glacadh togra le haghaidh Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe, Rialachán Teicniúil Domhanda ó na Náisiún Aontaithe nó leasú ar Rialachán ó na Náisiún Aontaithe nó ar Rialachán Teicniúil Domhanda agus gan moill mhíchuí tar éis an ghlactha sin, nó bunaithe ar na tuarascálacha a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 18(4) agus (5), i gcás inarb iomchuí, agus dul chun cinn teicniúil á chur san áireamh, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16, lena leasaítear an Rialachán seo mar a leanas:

(a) teorainneacha astaíochtaí ar cháithníní ó choscáin a leagan amach in Iarscríbhinn I i gcomhréir le teicneolaíochtaí úrscothacha agus, más iomchuí, tagairt a dhéanamh don obair a dhéantar i bhFóram Domhanda na Náisiún Aontaithe um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (UN WP.29), lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, Táblaí 5, 6, 7 agus 8 d'Iarscríbhinn I a leasú, faoi seach, trí fhoráil a dhéanamh maidir le teorainneacha nó critéir éagsúla ag brath ar chatagóirí feithiclí agus teicneolaíochtaí gléasra cumhachta;

(b) teorainneacha scríobtha a leagan amach le haghaidh cineálacha bonn in Iarscríbhinn I, ag tagairt d'obair UN WP.29;

(c) íoscheanglais feidhmíochta ceallraí a leagtar síos in Iarscríbhinn II a leagan amach, i gcomhréir le teicneolaíochtaí úrscothacha agus ollstruchtúr an cheallra chomh maith lena gcur i bhfeidhm, go háirithe i bhfeithiclí beaga, agus critéir mar shampla míleáiste agus tréimhsí saoil á gcur san áireamh le haghaidh gach catagóire feithicle i ndáil le feidhmíocht ceallraí.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 16 lena leasaítear an Rialachán seo, lena leagtar amach teorainneacha scríobtha bonn d'aicmí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I i gcás nár ghlac UN WP.29 forálacha aonfhoirmeacha roimh an sprioc-am ábhartha a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo, i gcomhréir le hobair UN WP.29 agus ag tagairt di, i gcás inarb iomchuí, agus dul chun cinn teicniúil á chur san áireamh, faoin 1 Iúil 2027 maidir le boinn d'aicme $C_1$, faoin 1 Aibreán 2029 maidir le boinn d'aicme $C_2$ agus faoin 1 Aibreán 2031 maidir le boinn d'aicme $C_3$.

3. I gcás nach mbeidh forálacha aonfhoirmeacha glactha ag UN WP.29 faoin 1 Iúil 2026 maidir le boinn d'aicme $C_1$, faoin 1 Aibreán 2028 maidir le boinn d'aicme $C_2$ agus faoin 1 Aibreán 2030 maidir le boinn d'aicme $C_3$, forbróidh an Coimisiún modhanna tomhais chun scríobadh bonn a thomhas agus saineoidh sé teorainneacha scríobtha do bhoinn bunaithe ar na modhanna úrscothacha atá ann cheana.

## Caibidil VI
## Forálacha Ginearálta

*Airteagal 16*
*An tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15(1) agus (2) a ghlacadh don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15(1) agus (2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 15(1) nó (2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 17*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an Coiste Teicniúil – Mótarfheithiclí cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18*

*Tuairisciú agus athbhreithniú*

1. Faoin 1 Meán Fómhair 2030, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Faoin 1 Meán Fómhair 2031, ar bhonn na faisnéise a sholáthrófar i gcomhréir le mír 1, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear meastóireacht ar na laghduithe ar astaíochtaí sceite agus neamh-sceite a baineadh amach.

3. Faoin 31 Nollaig 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar fheidhmíocht mharthanachta feithiclí tromshaothair a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí.

4. Faoin 31 Nollaig 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis na modhanna tomhais lena ndéantar athbhreithniú ar mharthanacht ceallraí agus an úrscothacht, mar bhonn don athbhreithniú ar na híoscheanglais feidhmíochta, chun go nglacfaí na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15(2), pointe (c).

   Déanfar measúnú sa tuarascáil sin, *inter alia*, ar a iomchuí atá sé íoscheanglais feidhmíochta a leagan amach d’fheithiclí suas le 10 mbliana nó 200 000 km, ar a laghad, cibé acu is túisce.

5. Faoin 31 Nollaig 2027, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hastaíochtaí cáithníní ó choscáin lena ndéantar athbhreithniú ar mhodhanna tomhais agus an úrscothacht, chun go nglacfaí na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15(2), pointe (a) maidir le leibhéal na dteorainneacha astaíochta dara céim a leagtar amach i dTáblaí 5, 6, 7 agus 8 d’Iarscríbhinn I.

6. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a iomchuí atá sé teorainn shonrach a leagan amach le haghaidh astaíochtaí formaildéid maidir le feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$, bunaithe ar an úsáid a mheastar a bhainfear as breoslaí as a dtiocfadh méadú ar astaíochtaí formaildéid, chun go bhféadfaí an gníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (c), a ghlacadh.

# Caibidil VII
# Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 19*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/858*

Leasaítear Airteagal 84 de Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíoch, oibreoirí neamhspleácha agus seirbhísí teicniúla ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Beidh na pionóis sin, go háirithe, comhréireach le tromchúis na neamhchomhlíontachta agus le líon na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna nó na n-aonad teicniúil ar leithligh atá neamhchomhlíontach agus a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Bhallstáit lena mbaineann. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. De bhreis ar na sáruithe atá leagtha amach i mír 2, beidh na nithe seo a leanas ar a laghad ar na sáruithe arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha a bheidh faoi réir pionós:

(a) diúltú rochtain ar fhaisnéis a chur ar fáil;

(b) feithiclí, córais, comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh atá faoi réir a gceadaithe a bheith á gcur ar fáil ar an margadh, agus gan an ceadú sin acu, nó falsú doiciméad, deimhnithe comhréireachta, plátaí reachtúla nó marcanna ceadaithe chun na críche sin;

(c) crioscaíl leis an bhfeithicil agus a córais.';

(3) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'3a. De bhreis ar na cineálacha sáruithe atá leagtha amach i míreanna 2 agus 3, beidh na nithe seo a leanas, ar a laghad, ar na sáruithe arna ndéanamh ag oibreoirí eacnamaíocha a bheidh faoi réir pionós freisin:

(a) torthaí tástála a fhalsú do chomhréireacht inseirbhíse faoi chineálcheadú astaíochtaí;

(b) feithiclí a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil le feistí ionramhála nó straitéisí ionramhála, rud a fhágann gur cosúil go gcomhlíonann feithicil neamhchomhlíontach an Rialachán seo;

(c) feithiclí de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$ agus $N_3$ a dhearadh, a thógáil agus a chóimeáil, gan na córais rabhaidh don tiománaí maidir le hastaíochtaí sceite iomarcacha nó na córais rabhaidh don tiománaí maidir le leibhéal íseal imoibrí.

3b. Áireofar, ar a laghad, crioscaíl leis an bhfeithicil agus a córais ar na cineálacha sáruithe arna ndéanamh ag oibreoirí neamhspleácha a bheidh faoi réir pionóis.’.

*Airteagal 20*

*Aisghairm*

1. Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 le héifeacht ón 1 Iúil 2030.

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 le héifeacht ón 1 Iúil 2031.

Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1151 le héifeacht ón 1 Iúil 2030.

Aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 582/2011 agus (AE) 2017/2400, chomh maith le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 le héifeacht ón 1 Iúil 2031.

*Airteagal 21*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [30 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le cineálacha nua feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus maidir le comhpháirteanna, córais agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh fheithiclí de chatagóirí $M_1$ nó $N_1$ cineálcheadaithe faoin Rialachán seo agus ón … [42 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le feithiclí nua de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus maidir le comhpháirteanna, córas agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh na bhfeithiclí sin.

Beidh feidhm aige ón … [48 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le cineálacha nua feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ agus $O_4$ agus maidir le comhpháirteanna, córais agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, $O_3$ nó $O_4$ cineálcheadaithe faoin Rialachán seo agus ón … [60 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le feithiclí nua de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$,$O_3$ agus $O_4$ agus maidir le comhpháirteanna, córais agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh na bhfeithiclí sin.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2028 maidir le cineálacha nua boinn d'aicme $C_1$ agus ón 1 Aibreán 2030 maidir le cineálacha nua boinn d'aicme $C_2$ agus ón 1 Aibreán 2032 maidir le cineálacha nua boinn d'aicme $C_3$.

Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2030 maidir le feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ arna ndéanamh ag monaróirí ísealtáirgeachta agus ón 1 Iúil 2031 maidir le feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, agus $N_3$ arna ndéanamh ag monaróirí ísealtáirgeachta.

Beidh feidhm ag Airteagal 11(3), áfach, ón … [teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

TEORAINNEACHA ASTAÍOCHTAÍ EURO 7

Tábla 1: Teorainneacha astaíochtaí sceite Euro 7 d'fheithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh

| | | Mais in ord reatha (MRO) (kg) | Mais aonocsaíde carbóin (CO) | | Mais na hidreacarbón iomlán (THC) | | Mais hidreacarbón neamh-mheatáin (NMHC) | | Mais ocsaídí nítrigine ($NO_x$) | | Mais chumaisc lánhidreacarbón agus ocsaídí nitrigine (MHC + $NO_x$) | | Mais an ábhair cháithnínigh (PM) | | An líon cáithníní ($PN_{10}$) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | $L_1$ (mg/km) | | $L_2$ (mg/km) | | $L_3$ (mg/km) | | $L_4$ (mg/km) | | $L_2 + L_4$ (mg/km) | | $L_5$ (mg/km) | | $L_6$ (#/km) | |
| Catagóir | Aicme | | PI | CI | PI | CI | PI | CI | PI | CI | PI | CI | PI | CI | PI | CI |
| $M_1$ | - | | 1000 | 500 | 100 | - | 68 | - | 60 | 80 | - | 170 | 4,5 | 4,5 | $6x10^{11}$ | $6x10^{11}$ |
| $N_1$ | I | MRO ≤ 1280 | 1000 | 500 | 100 | - | 68 | - | 60 | 80 | - | 170 | 4,5 | 4,5 | $6x10^{11}$ | $6x10^{11}$ |
| | II | 1280 < MRO ≤ 1735 | 1810 | 630 | 130 | - | 90 | - | 75 | 105 | - | 195 | 4,5 | 4, | $6x10^{11}$ | $6x10^{11}$ |
| | III | 1735 < MRO | 2270 | 740 | 160 | - | 108 | - | 82 | 125 | - | 215 | 4,5 | 4,5 | $6x10^{11}$ | $6x10^{11}$ |

Nóta: PI = adhaint dheimhneach.
CI = adhaint chomhbhrú.

Tábla 2: Teorainneacha astaíochtaí sceite Euro 7 d'fheithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh agus do na hinnill dócháin inmheánaigh a úsáidtear sna feithiclí sin

| Astaíochtaí truailleán | WHSC (CI) agus WHTC (CI agus PI) | Fíorastaíochtaí (RDE) |
|---|---|---|
| | in aghaidh an kWh | in aghaidh an kWh |
| $NO_x$ in mg | 200 | 260 |
| PM i mg | 8 | - |
| $PN_{10}$ in # | $6x10^{11}$ | $9 \times 10^{11}$ |
| CO i mg | 1500 | 1950 |
| NMOG i mg | 80 | 105 |
| $NH_3$ i mg | 60 | 85 |
| $CH_4$ i mg | 500 | 650 |
| $N_2O$ i mg | 200 | 260 |

Nóta: PI = adhaint dheimhneach.
CI = adhaint chomhbhrú.

Tábla 3: Teorainneacha astaíochtaí galaithe Euro 7 d'fheithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ arna mbreoslú ag peitreal

| Mais astaíochta galaithe (g/tástáil) |
|---|
| 1,5 |

Tábla 4: Teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin Euro 7 i dtimthriall tiomána caighdeánach ag a mbeidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2029, de theicneolaíochta gléasra cumhachta

| Teorainneacha astaíochtaí i mg/km in aghaidh na feithicle | Feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$, seachas $N_1$, Cineál III* | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teicneolaíocht gléasra cumhachta | PEV | OVC-HEV | NOVC-HEV | FCV/FCHV | ICEV |
| Astaíochtaí cáithníní ó choscáin ($PM_{10}$) | 3 | 7 | 7 | 7 | 7 |

* Is iad seo a leanas na teorainneacha is infheidhme maidir le feithiclí de chatagóir $N_1$, Aicme III: PEV 5 mg/km; OVC-HEV, NOVC-HEV, FCV/FCHV agus ICEV 11 mg/km.

Tábla 5: Teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin Euro 7 i dtimthriall tiomána caighdeánach ag a mbeidh feidhm ón 1 Eanáir 2030 tar éis an athbhreithnithe a shonraítear in Airteagal 18(5), de theicneolaíocht gléasra cumhachta (feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$)

| Teorainneacha astaíochtaí | Feithiclí de chineál $M_1$ agus $N_1$ | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teicneolaíocht gléasra cumhachta | PEV | OVC-HEV | NOVC-HEV | FCV/FCHV | ICEV |
| Astaíochtaí cáithníní ó choscáin ($PM_{10}$) | | | | | |
| Líon astaíochtaí cáithníní ó choscáin (PN) | | | | | |

Tábla 6: Teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin Euro 7 i dtimthriall tiomána caighdeánach ag a mbeidh feidhm ón 1 Eanáir 2030 tar éis an athbhreithnithe a shonraítear in Airteagal 18(5), de theicneolaíocht gléasra cumhachta (feithiclí de chatagóirí $M_2$ agus $N_2$)

| Teorainneacha astaíochtaí | Feithiclí de chatagóirí $M_2$ agus $N_2$ | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teicneolaíocht gléasra cumhachta | PEV | OVC-HEV | NOVC-HEV | FCV/FCHV | ICEV |
| Astaíochtaí cáithníní ó choscáin ($PM_{10}$) | | | | | |
| Líon astaíochtaí cáithníní ó choscáin (PN) | | | | | |

Tábla 7: Teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin Euro 7 i dtimthriall tiomána caighdeánach ag a mbeidh feidhm ón 1 Eanáir 2030 go dtí an 31 Nollaig 2034 tar éis an athbhreithnithe a shonraítear in Airteagal 18(5), de theicneolaíocht gléasra cumhachta (feithiclí de chatagóirí $M_3$ agus $N_3$)

| Teorainneacha astaíochtaí | Feithiclí de chatagóirí $M_3$ agus $N_3$ | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teicneolaíocht gléasra cumhachta | PEV | OVC-HEV | NOVC-HEV | FCV/FCHV | ICEV |
| Astaíochtaí cáithníní ó choscáin ($PM_{10}$) | | | | | |
| Líon astaíochtaí cáithníní ó choscáin (PN) | | | | | |

Tábla 8: Teorainneacha astaíochta cáithníní ó choscáin Euro 7 i dtimthriall tiomána caighdeánach ag a mbeidh feidhm ón 1 Eanáir 2035 maidir le gach teicneolaíocht gléasra cumhachta, de réir catagóir feithicle

| Teorainneacha astaíochta | Feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ | Feithiclí de chatagóirí $M_2$ agus $N_3$ | Feithiclí de chatagóirí $N_2$ agus $N_3$ |
|---|---|---|---|
| Astaíochtaí cáithníní ó choscáin ($PM_{10}$) | 3 mg/km in aghaidh na feithicle | | |
| Líon astaíochtaí cáithníní ó choscáin (PN) | | | |

Tábla 9: Teorainneacha scríobtha bonn Euro 7

| Teorainneacha scríobtha bonn | Boinn $C_1$ | Boinn $C_2$ | Boinn $C_3$ |
|---|---|---|---|
| Gnáthbhoinn | | | |
| Boinn sneachta | | | |
| Boinn úsáide speisialta | | | |

# IARSCRÍBHINN II

ÍOSCHEANGLAIS FEIDHMÍOCHTA EURO 7 I dTACA LE MARTHANACHT CEALLRAÍ

Tábla 1: Íoscheanglais feidhmíochta (MPR) Euro 7 i dtaca le marthanacht ceallraí le haghaidh feithiclí de chatagóir $M_1$

| MPR bunaithe ar fhuinneamh ceallra | Tús saolré go dtí 5 bliana nó 100 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí níos mó ná 5 bliana nó 100 000 km, agus suas le 8 mbliana nó 160 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí suas le saolré breise* |
|---|---|---|---|
| OVC-HEV | 80 % | 72 % | |
| PEV | 80 % | 72 % | |

| MPR bunaithe ar raon | Tús saolré go dtí 5 bliana nó 100 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí níos mó ná 5 bliana nó 100 000 km, agus suas le 8 mbliana nó 160 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí suas le saolré breise* |
|---|---|---|---|
| OVC-HEV | | | |
| PEV | | | |

* Mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV.

Tábla 2: Íoscheanglais feidhmíochta (MPR) Euro 7 i dtaca le marthanacht ceallraí le haghaidh feithiclí de chatagóir $N_1$

| MPR bunaithe ar fhuinneamh ceallra | Tús saolré go dtí 5 bliana nó 100 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí níos mó ná 5 bliana nó 100 000 km, agus suas le 8 mbliana nó 160 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí suas le saolré breise* |
|---|---|---|---|
| OVC-HEV | 75 % | 67 % | |
| PEV | 75 % | 67 % | |

| MPR bunaithe ar raon | Tús saolré go dtí 5 bliana nó 100 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí níos mó ná 5 bliana nó 100 000 km, agus suas le 8 mbliana nó 160 000 km, pé ceann a tharlaíonn ar dtús | Feithiclí suas le saolré breise* |
|---|---|---|---|
| OVC-HEV | | | |
| PEV | | | |

* Mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV.

Tábla 3: Euro 7 Íoscheanglais feidhmíochta (MPR) i dtaca le marthanacht ceallraí le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, agus $N_3$

